# AN ROINN DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ

## RÁITEAS STRAITÉISE 2008 – 2010

## Ag Obair chun go beidh Éire níos Sábháilte, agus níos Cothroime Clár Ábhair

**Uimh Leathanaigh**


| | | |
|---|---|---|
| **Brollach ón Aire** | | **3** |
| **Réamhrá ón Ard- Rúnaí** | | **5** |
| **Forbhreathnú** | | **6** |
| **Ráiteas Misin** | | **9** |
| **Spriocanna Ardleibhéil** | | **10** |
| **1** | **Tacaíocht a thabhairt don Gharda Síochána agus Dul i nGleic le Coir** | **12** |
| **2** | **Seirbhísí Ceartais a Fhorbairt** | **20** |
| **3** | **Soláthar Inimirce agus Seirbhísí Coibhneasacha** | **25** |
| **4** | **Spreagadh ar Shochaí Chomhbhách, Imeasctha agus Chothromasach** | **29** |
| **5** | **Spreagadh ar Shochaí Shlán agus Shíochánta** | **35** |
| **6** | **Athchóiriú Dlí** | **38** |
| **7** | **Seachadadh Gnó** | **41** |


**Aguisíní**


1. **Cairt Eagraíochta**
2. **Eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais agus Oifigí Feidhmiúcháin**
3. **Leithdháiltí Soláthar Foirne 2007**
4. **Leithdháiltí Airgeadais 2008 - 2010**
5. **Cairt Díláraithe**

## BROLLACH ÓN AIRE

Is é seo an Séú Ráiteas Straitéise a rinne de chuid mo Roinne agus an chéad cheann a bronnadh orm mar Aire. Clúdaíonn sé an tréimhse ó 2008 go 2010 agus creidim nach cleachtadh páipéir é, ach iarracht dáiríre ar leagadh amach na bpríomh-shaincheisteanna, ó thaobh na Roinne de, saincheisteanna a thabharfaidh aghaidh ar riaradh na seirbhísí comhionannais agus ceartais thar na trí bliana atá romhainn amach. Is ráiteas uaillmhianach é den slí ina leagann an Roinn amach a chlár oibre chun freastal ar an Rialtas, ar an Oireachtas agus ar na daoine. Tá mise, in éineacht le mo hAirí Stáit, tiomanta do sheachadadh na straitéise dúshlánach seo trasna speictream fadréimseach ghnó na Roinne lena n-áirítear comhtháthú, ceartas i leith an aosa óig agus saincheisteanna comhionannais.

Tá an troid leanúnach in aghaidh na coire fós ina dhúshlán mór, ní amháin don Roinn agus domsa mar Aire, ach don sochaí i gcoitinne. Tá imní dáiríre ar dhaoine faoi leibhéal na coire inár sochaí agus tá sé tuillte acu athdhearbhú a fháil ag léiriú go bhfuil gach rud gur féidir á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na coirpigh agus chun a chinntiú gur áiteanna níos sábháilte iad ár bpobail.

Mar gheall ar seo tharla athrú coiscéim in eagraíocht, struchtúr bainistíochta agus meicníochtaí freagrachta de chuid An Garda Síochána. Tógann na hathruithe atáthar tar éis a shaoirsiú, agus a leanfaidh ar aghaidh, an Fórsa go pointe lánfheistithe chun feidhmiú sa timpeallacht nua-aimseartha agus chun aghaidh dhíreach a thabhairt ar na coirpigh. Tá buiséad feidhmíochta daingnithe agam le haghaidh An Garda Síochána i 2008 de €1.616 billiún – an méid is airde riamh – chun an t-athrú sin a thabhairt isteach. Chomh maith le soláthar le haghaidh earcaíocht mhéadaitheach leanúnach de bhaill na nGardaí faoi mhionn agus cohórt sibhialtach méadaithe go mór, tá breis agus €100 milliún á sholáthar agam freisin le haghaidh áiseanna teicneolaíochta póilíní atá úrscothach go maith. Tá méid an Fhórsa ag méadú go gasta, ach má tá ár nGardaí lena bpost a dhéanamh i gceart, ní foláir na nithe is fearr a bheith acu i dteicneolaíocht atá triailte agus cruthaithe agus tá an dáileadh acmhainne seo á chur ar fáil ar son an chuspóra sin. Tá sé ar intinn agam réimsí cosúil le coir ghunnaí, coirpeacht eagraithe agus drugaí, agus ord poiblí a chur in ord tosaíochta.

Ní foláir dúinn freisin díriú níos soiléire ar chosc ag pointe luath i saolré na coirpeachta agus na coirpeachta folaigh. D'athchóirigh bearta a rinneadh le déanaí an cuir chuige iomlán atá againn i dtreo ceartas i leith an aosa óig. Tá freagracht anois ag Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, Oifig Fheidhmiúcháin de chuid mo Roinne agus atá comhlonnaithe in Oifig an Aire do Leanaí, as ucht forbairt an bheartais um cheartas i leith an aosa óig. Is réimse é seo ina gcaithfimid infheistiú go trom. Agus is infheistíocht í atá an-fiúntach, ní amháin toisc go dtugann sí seans dúinn an méid is féidir a dhéanamh chun daoine óga atá i mbaol ciontú a dhíspreagadh óna saolta a chaitheamh uatha agus b'fhéidir a bheith páirteach i gcoireacht tromchúiseach níos déanaí.

Ach ní féidir le gníomhaireachtaí ón gcóras ceartais coiriúil cosc a chur ar choir nó an choir a aimsiú iad féin; tá cabhair ghníomhach na bpobal de dhíth orthu go mór. Ag an am céanna, mar chuid den chomhpháirtíocht sin, ní foláir d'obair na ngníomhaireachtaí sin a bheith freagrach as ucht riachtanais phobail. Teastaíonn uaim, sa mhéid is gur féidir liom mar Aire, spiorad de chomhpháirtíocht náisiúnta a chothú i leith dul i ngleic le coir agus tús áite á thabhairt agam do Chomhchoiste Póilíneachta a bhunú i ngach ceantar údaráis áitiúil. Cuireann na coistí seo fóram ar fáil áit ar féidir le baill an n-údarás áitiúla agus oifigigh shinsearacha na nGardaí atá freagrach as ucht póilíneacht sa cheantar, i dteannta le baill an Oireachtais agus lucht pobail agus deonacha, dul i gcomhairle, plé agus moltaí a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le póilíneacht a bpobal féin.

Tá comhpháirteanna eile den gcóras ceartais coiriúil – mar shampla Seirbhísí Promhaidh, Príosúin, agus Cúirteanna – ailínithe agus acmhainnithe chun tabhairt faoina gcuid ról i seachadadh an riachtanais sáraitheach um thabhairt faoi na héagóra, í a chosc agus a phionósú. Is é

seo imeall crua na Roinne d'fhonn go dtéann sé i dtreis leis an tasc, atá fiathúil uaireanta, sé sin aghaidh a thabhairt ar an taobh is dorcha dár sochaí.

Tá an tSeirbhís Chúirteanna céimnithe suntasacha le blianta beaga anuas i dtaobh nuachóiriú agus seirbhísí feabhsaithe a sholáthar do gach úsáideoir cúirte. Forbairt an-corraitheach ar cheart éirí léi sna blianta atá amach romhainn ná tógáil an Choimpléasc nua le haghaidh an Chúirt Choiriúil atá le bheith comhlánaithe i 2010.

Feicfidh an chéad cúpla bliain eile athchur ar beagnach 40% den gcóiríocht phríosúin reatha faoi Chlár Tógála Príosúin na Roinne. Chomh maith leis seo, áireoidh tréithe slándála nua agus feabhsaithe le haghaidh príosúin dúnta imscaradh aonad gadhar drugaí agus suiteáil áiseanna cuardaigh i stíl Aerfoirt.

Leanfar ar aghaidh ag tacú leis an Seirbhís Phromhaidh in athrú agus leasú a bhaint amach ionas gur féidir léi seirbhísí níos fearr a sholáthar chun cabhrú an leibhéal scoir a laghdú agus sábháilteacht phoiblí a mhéadú trí oibriú le ciontóirí chun a gcuid iompair a athrú. Le linn 2007 rinneadh 71 ball foirne breise a fhormheas don Seirbhís Phromhaidh chun seachadadh an sainordaithe seo. Ceadóidh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Seirbhís Phromhaidh seachadadh náisiúnta níos éifeachtaí de sheirbhísí a bhaineann le Promhadh.

Tá athchóiriú leanúnach ar chórais inimirce mar ábhar tosaíochta eile domsa. Rinne Éire trasdul gasta ó thír eisimirce go tír inimirce, le suas le 10% dár daonra taifeadta mar dhaoine nach Éireannaigh ó dhúchas iad. Creidim gur mór an chlú dúinn é mar náisiún gur éirigh linn sa trasdul sin gan aon mhór-athrú. An dúshlán atá ann ná a chinntiú de réir mar a mhéadaíonn lion na núíosaigh inár measc, go leanann muid de bheith ag soláthar an timpeallacht inar féidir leo dul i mbun a ngnó go dlisteanach. Rachaidh Oifig an Aire um Chomhtháthú, a cruthaíodh le déanaí, i ngleic i mbealach iomlánaíoch le dúshlán an chomhtháthaithe atá ann thar Ranna Rialtais agus na Seirbhísí Poiblí i gcoitinne.

Le blianta beaga anuas tá díriú na Roinne ar chuimsiú sóisialta feabhsaithe go mór. Táimid tiomanta do chomhionannas na deise a spreagadh agus leanfaimid ar aghaidh ag glacadh ról na ceannaireachta i leith tabhairt faoi idirdhealú thar go leor leibhéil éagsúla sa sochaí.

Déanann an réimse leathan ábhair nach foláir don Roinn seo a phlé beagnach dosheachanta é trí shaolré an Ráitis Straitéise seo go dtarlóidh eachtraí agus go gcaithfear féachaint ar ár straitéis arís agus athruithe a dhéanamh nó b'fhéidir fiú iad a chaitheamh amach go hiomlán. Sa chomhthéacs seo, cuirim fáilte roimh an bhéim atá á leagadh ar Athbhreithniú Éifeachtúlachta na Roinnem, chomhlíonadh le gairid agus na comhlachtaí atá faoina choimirce chun riaracháin éifeachtúil a bhaint amach. Cinntíonn an fíoras go ndéanfaidh an Ard-Rúnaí maoirseacht ar an bpróiseas go pearsanta, go dtugtar an meáchan agus an aire atá tuillte aige dó laistigh den eagraíocht. Ta an obair seo níos práinneach agus tábhachtach i chomhthéacs an athrú imthosca airgeadais ata ar aghaigh an tír. Ní féidir le aon limistéar den earnáil phoiblí a bheith imdhíonach ón riachtanais chun seirbhísí phoiblí a chur ar fáil níos éifeachtúil agus beidh an earnáil Ceartais agus Comhionannais go cinnteach ag comhlíon le riachtanais Rialtais maidir le seo. Á rá sin, áfach beidh mé ag díriú thar na trí bhliain le teacht chun chinntiú go bhfuil seirbhísí tosaigh don earnáil Ceartais agus Comhionannais acmhainní cuí chun freastal ar ionchais réasúnta ár phobal.

Beidh muid ag fiosrú aon bhealaí chun an gcuspóir a cuir i gcrích, go háirithe, ag féachaint ar aon bhealaí a féidir feabhsú agus réasúnú ar seirbhísí a chur ar fáil. Ciallaíonn seo, mar shampla, dearcadh soiléir a thógáil ar réimse na ghníomhaireacht san earnáil Ceartais agus Comhionannais agus deán measúnú faigh amach arb é éifeachtúil níos mó de réir acmhainní i dteannta soláthar seirbhíse a bhaint amach.

Táim muiníneach go bhfuil an fhís agus an tiomantas ag foireann na Roinne agus na gníomhaireachtaí coibhneasacha chun dul i ngleic leis an rud neamhthuairimeach agus leanúint ar aghaidh ag díriú a gcuid iarrachtaí toisc gur níos mó ná ghnáth-nath é *"Ag Oibriú d'Éire Níos Sábháilte, Níos Cothroime"*: is ráiteas é faoi hidéil is airde na seirbhíse poiblí.

Dermot Ahern T.D.
Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

## RÉAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ

Seasann clár oibre na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí leis na luachanna is airde agus tugann sé aghaidh ar chuid de na hábhair imní is doimhne inár sochaí. An misean comhchoiteann atá againn ná chun cabhrú áit níos sábháilte agus níos cothroime a dhéanamh d'Éire le cónaí agus obair inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus gnó a dhéanamh. Síneann sainchúram líonra ceartais na n-eagraíochtaí agus seirbhísí thar réimse ábhair imní dhaonna agus dírítear ar ghnéithe den saol náisiúnta atá chomh hilghnéitheach le cosaint na beatha agus maoine, cosc agus aimsiú na coire, comhionannas cóireála idir dhaoine a chothabháil agus a spreagadh, soláthar seirbhísí le haghaidh ceannach agus díol maoine, bainistíocht ar imirce isteach sa Stát, tacaíocht le comhtháthú agus soláthar Seirbhís Chúirteanna agus foirmeacha eile de bhinsí imscrúdaithe. Ar an mbonn idirnáisiúnta, freastalaíonn an tAire agus an Roinn ar leasa na hÉireann i leith Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Gnóthaí Baile trí rannpháirtíocht iomlán san Aontas Eorpach, i gComhairle na hEorpa agus sna Náisiúin Aontaithe i measc fóraim idirnáisiúnta eile.

Tá an treoir don Roinn i rith 2008–2010 leagtha amach anseo, inár séú Ráiteas Straitéise. Is uaillmhianach iad ár spriocanna agus óna mbaint amach ba cheart go ndéanfaí athrú dearfach do shaol ár bpobal chomhroinnte.

Tá príomhfhócas an Ráitis dírithe ar sheachadadh gealltanais na Roinne faoin gClár Comhaontaithe don Rialtas chomh maith le príomhstraitéisí eile cosúil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta reatha "I dTreo 2016" agus an Plean Forbartha Náisiúnta. I measc na mbrúnna le tionchar acu ar chruth ár gclár oibre áirítear theorainneacha acmhainní, athruithe reachtaíocht, éagsúlacht sóisialta méadaitheach laistigh den daonra, an tóraíocht ar fheidhmíocht eacnamaíoch feabhsaithe, an riachtanas le haghaidh dlúthpháirtíocht agus slándáil phobail, feabhsú ar chaighdeán na seirbhíse á thairiscint don phobal agus ionchas an phobail i leith caighdeáin eitice agus freagrachta níos airde. Tá spriocanna agus cuspóirí foriomlána na Roinne faoi thionchar na timpeallachta idirnáisiúnta níos leithne ina bhfeidhmímid chomh maith. Leanfaimid ar aghaidh ag cinntiú na rannpháirtíochta éifeachtach ar leibhéal an AE agus idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht agus ranníocaíocht le breithniúcháin pholasaí agus glacadh le polasaithe a léiríonn imní an Stáit. Léirítear na tosaíochtaí seo sa Ráiteas Straitéise go háirithe sna Spriocanna Ardleibhéil a dhéanann mionsonrú ar pholasaithe, ar shainorduithe agus ar ghníomhaíochtaí feidhmíochta de chuid croí-limistéir na Roinne a chuireann taca faoin bpróiseas fadréimseach agus casta um sheachadadh seirbhísí Ceartais agus Comhionannais.

Le haghaidh seachadadh éifeachtach ar ár gcuspóirí caithfear athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile ar réimse na n-oifigí, na ngníomhaireachtaí agus na mbord ar a leagtar seachadadh agus freagrachtaí polasaí ar leithligh. Táthar tar éis céimnithe móra a dhéanamh cheana féin maidir le dul i ngleic le dúshlán agus deiseanna thar na hearnála Ceartais agus Comhionannais. Mar sin féin sé cuí i gcónaí aird a thabhairt ar an méid atá bainte amach chun a dhéanamh amach an bhfuil slite níos fearr agus níos éifeachtúla fós ann chun ár sainordú a fhorfheidhmiú. Tá riachtanas an Aire Airgeadais agus an Rialtais a léiríonn nach mór do gach Roinn Athbhreithniú Éifeachtúlachta a bhaint amach críochnaithe agus curtha faoi bhráid an Roinn Airgeadais ag tús 2008. Ta sé beartaithe go mbeidh toradh na n-athbhreithniú i gcoir riaracháin éifeachtúil a bhaint amach. A lean as tosca eacnamaíocha atá ann faoi láthair cuirtear leis an diminsean nua agus práinneach don cion oibre seo. Leanfaímid ag díriú um sheachadadh seirbhíse poiblí chun freastal ar an phobal; tá an dúshlán atá os ár comhar ná chun chinntiú go bhfuil sé déanta i slí is éifeachtúil agus éifeachtach féideartha. Creidim go bhfuil scóip mór ann chun an tírdhreach seachadadh a simpligh le roghanna straitéiseach a roghnú maidir le ról agus feidhm ó roinnt de ár gníomhaireachtaí agus comhlachtaí. Sa tréimhse atá romhainn beidh muid á scrúdú go grinn na roghanna seo chun chinntiú go mbeidh aon cinneadh ón Rialtais a thabhairt toradh níos fearr faoi fónamh ár bpobail.

Ag cuir i ngníomh na straitéisí ata imlínithe san Ráiteas Straitéise seo, beidh an raon i gcóir laghdú costas mar fócas seasmhach.

_____

Seán Aylward
Ard-Rúnaí

## FORBHREATHNÚ

Tá an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí struchtúrtha timpeall ar na réimsí seo a leanas, arna bhfuil freagracht ag baill an Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB):

- An Garda Síochána
- Aonad Frith-Gháinneála
- Inimirce agus Seirbhísí Coibhneasacha
- Athchóiriú Dlí Sibhialta
- Cosc – An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc
- Polasaí na Cúirteanna
- Coir, Slándáil agus Tuaisceart Éireann
- Athchóiriú an Dlí Choiriúil
- Comhionannas agus Míchumas
- Ábhair Idirnáisiúnta / AE
- Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Forbairt Eagraíochta, Forbairt Tionscadail, Airgeadas, Iniúchadh Inmheánaigh agus TF
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- Cúnamh Frithpháirteach agus Eiseachadadh
- Príosúin agus Polasaí Promhaidh
- Áisineacht Fháilte agus Cimhtháite(RIA) *agus*
- Ceartas i leith an Aosa Óig.

Treoraíonn na croí-luachanna seo a leanas an Roinn, cibé an mar sholáthraí acmhainne nó ina ról maoirseachta:

- rochtain ar cheartas a chinntiú;
- caighdeáin chóireála cothroma agus comhionanna a chur i bhfeidhm do ghrúpaí uile na sochaí;
- freagracht dár ngníomhaíochtaí a léiriú;
- cúirtéis agus ionracas a thaispeáint inár ndéileálacha;
- seirbhísí den scoth a sholáthar don phobal *agus*
- meas agus luach a léiriú don duine lena bhfuilimid i dteagmháil leo maidir le pé cás ina gcastar orainn iad.

Tá na spriocanna agus na cuspóirí cuimsithe sa Ráiteas seo curtha le chéile ó athbhreithniú ar ár bpolasaí agus ár dtimpeallacht feidhmíochta agus breathnaítear ar na saincheisteanna atá sonraithe thuas ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Caithfidh an Roinn a chinntiú, ar son an Stáit, go gcuirtear tionscadail chriticiúla i gcrích in am agus sa bhealach is costéifeachtaí féideartha. Tá riachtanais freagrachta agus cleachtais rialachais chorparáidigh slána laistigh den ngrúpa Ceartais ina n-ábhair thosaíochta don Roinn agus leanfaimid ar aghaidh ag tabhairt faoi cur chuige comhoibríoch i dtreo forbairt pholasaí. Tá an cur chuige seo tacaithe ag struchtúir fhoirmiúil cosúil leis an Grúpa Stiúrtha um Cheartas agus Chomhionannas, a chuimsíonn Ceannasaithe eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais agus oifigigh shinsearacha na Roinne, agus Bord Maoirseachta Tionscadail atá comhchathaoirlithe ag an Aire agus an Ard-Rúnaí, chomh maith le líonraí neamhfhoirmiúla agus comhairliúcháin leanúnacha. Cabhraíonn tiomantais cláir nuachóirithe agus leasaithe chun cruth a chur ar ár gcuspóirí le feabhsaithe ar bhainistíocht airgeadais agus córais TF, athchóiriú ar rialáil agus an cur chuige i leith bainistíocht acmhainní daonna mar thoradh air. Tá rialú níos fearr mar phríomheilimint den chlár oibre um nuachóiriú agus is é atá i gceist ná tiomantas leanúnach le rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú agus creatlacha reachtaíochta agus rialála a shruthlíniú. Tá córais measúnaithe feidhmiúcháin i bhfeidhm chun cinntiú go bhfuil na páirtithe atá i gceist tiomanta le comhoibriú lán agus leanúnach le athrú, oiriúnú agus solúbthacht leanúnach agus seachadadh Seirbhíse Phoiblí ard-fheidhmithe.

Gan dabht, caithfidh forfheidhmiú polasaithe agus cláir aird a thabhairt ar airgeadas poiblí. Mar sin, tá cinntí ar an slí a ndéantar dáileadh ar ár acmhainní airgeadais mar chuid chriticiúil den phleanáil straitéiseach sa Roinn. Déantar dáileadh ar acmhainní, a vótálann Dáil Éireann, de réir tosaíochtaí Rialtais agus riachtanais fheidhmíochta. Thar a gcuid vótaí ar fad tá an Roinn freagrach as ucht buiséad de €2.695 billiún i 2008 mar seo a leanas:

| | **€m** |
|---|---|
| Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 502 |
| Garda | 1,616 |
| Príosúin | 394 |
| Cúirteanna | 136 |
| An tÚdarás Cláraithe Maoine | 47 |

Faoin gCreatlach Infheistíocht Chaipitiúil (CIF) 2008 go 2012, ghlac an Roinn leithdháileadh €1.9 billiún mar a imchlúdach caipitiúil. Ón méid seo, tá €1 billiún mar mhaoiniú díreach don Státchiste, leis an €900 milliún eile le teacht ó Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP). Tá an leithdháileadh PPP seo ann chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail suntasacha cosúil le forbairt Coimpléisc na Cúirteanna Coiriúla, na príosúin nua ag Halla Thornton agus Príosún Réigiúnach nua na Mumhan. Déanfaidh Bord Náisiúnta na dTionscadal, atá faoi chathaoirleacht an Aire, maoirseacht ar sheachadadh na dtionscadal seo agus mórthionscadail chaipitiúla eile chun a chinntiú go bhfuil siad in am agus laistigh den bhuiséad.

Tugann an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 seasamh don Roinn rochtain a fháil ar mhaoiniú le haghaidh sraith uaillmhianach de Chláir Cheartais agus Chomhionannais. Léiríonn na Cláir seo sainchúram na Roinne ag clúdach a leithéid de shaincheisteanna um chuimsiú sóisialta cosúil le comhionannas inscne, ceartas i leith an aosa óig, athshlánú na bpríosúnaigh, bearta míchumais agus bearta frith-chiníochais. Caithfear líon suntasach den mhaoiniú seo ar chláir chaipitil thar na Seirbhísí Príosúin, Cúirteanna agus Promhaidh chomh maith.

Tá thart ar 23,631 ball foirne laistigh de shainchúram foriomlán na Roinne faoi láthair (lena n-áirítear An Garda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann). Faoi Chlár Díláraithe an Rialtais tá, agus beidh, díreach os cionn 900 ball foirne páirteach in athlonnú leanúnach d'ionaid áirithe den Roinn agus an earnáil Ceartais níos leithne go seacht suíomh ar fud na tíre – An Longfort, An Uaimh, Cúl an tSúdaire, Ros Cré, Ros Comáin, Durlas agus Baile Thiobraid Árann. Tá sé mar chuspóir de chuid na Roinne gach aistriú a chomhlíonadh laistigh de shaolré an Ráitis Straitéise seo.

Déanfar rianú ar gach cuspóir atá leagtha síos dúinn ag an Rialtas thar tréimhse na Ráitis Straitéise seo trí mhonatóireacht leanúnach ar dul chun cinn tuairiscithe i bPleananna Gnó agus Tuarascálacha Bliantúla na Roinne.

**Cláir Ráitis Bliantúil Aschuir agus Ár Ráiteas Straitéise**

Tá 9 gClár liostaithe inár Ráiteas Bliantúil Aschuir:

1. Slándáil Pobail, Forghníomhú an Dlí, Cosc ar Choir trí Thacaíocht don Gharda Síochána
2. Cothabháil ar Choimeád Sábháilte agus Slán Ciontóirí trí Thacaíocht don Seirbhís Príosúin
3. Bainistiú ar na Cúirteanna agus Tacaíocht a thabhairt do na Breithiúna
4. Cur chun cinn Sochaí Shábháilte trí an soláthar de Réimse Leathan Seirbhísí Ceartais
5. Spreagadh ar Shochaí Fhulgangach agus Chothromasach
6. Soláthar Inimirce agus Seirbhísí Coibhneasacha
7. Soláthar Seirbhísí Promhaidh
8. Soláthar Seirbhíse um Cheartas i leith an Aosa Óig atá Comhtháiteach agus Éifeachtúil
9. Soláthar Seirbhísí Cláraithe Maoine

Táimid tar éis ár Spriocanna Ardleibhéil a ailíniú chomh fada agus atá sé infheidhmithe chun cláir an Ráitis Bliantúil Aschuir a léiriú mar seo a leanas:

| Sprioc Ardleibhéil | Clár |
|---|---|
| **1.**Tacaíocht a thabhairt don Gharda Síochána agus Dul i nGleic le Coir | **1.** Slándáil Phobail, Forghníomhú an Dlí, Cosc ar Choir trí Thacaíocht don Gharda Síochána |
| **2.** Seirbhísí Ceartais a Fhorbairt | **2.** Cothabháil ar Choimeád Sábháilte agus Slán na gCiontóirí trí Thacaíocht don Seirbhís Príosúin<br>**3.** Bainistiú ar na Cúirteanna agus Tacaíocht a thabhairt do na Breithiúna<br>**7.** Soláthar Seirbhísí Promhaidh<br>**8.** Soláthar Seirbhíse um Cheartas i leith an Aosa Óig atá Comhtháiteach agus Éifeachtúil<br>**9.** Soláthar Seirbhísí Cláraithe Maoine |
| **3.** Soláthar Inimirce agus Seirbhísí Coibhneasacha | **6.** Soláthar Inimirce agus Seirbhísí Coibhneasacha |
| **4.** Spreagadh ar Shochaí Chomhbhách, Imeasctha agus Chothromasach | **5.** Spreagadh ar Shochaí Fhulgangach agus Chothromasach |
| **5.** Spreagadh ar Shochaí Shlán agus Shíochánta | **4.** Spreagadh a dhéanamh ar Shochaí Shábháilte trí Réimse Leathan Seirbhísí Ceartais a sholáthar |
| **6.** Athchóiriú Dlí | Le haghaidh éascú na tuairiscithe tá gach eolas bainteach le hAthchóiriú Dlí cuimsithe i HLG 6 cé go n-áirítear Athchóiriú Dlí Sibhialta i gClár 5 |
| **7.** Seachadadh Gnó | níl aon chlár coibhéiseach ann |

Déanadh forbairt ar an Ráiteas Straitéise seo i gcomhar leis an Aire, an Coiste Comhairliúcháin Bainistíochta, eagraíochtaí laistigh den Earnáil Ceartais agus Comhionannais agus Ranna Rialtais eile. Rinneadh comhairle le Coiste Comhpháirtíochta na Roinne chomh maith agus tugadh cuireadh do bhaill den phobail nótaí trachta a chuir isteach ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.justice.ie ).

## RÁITEAS MISIN

**Slándáil phobail a chothabháil agus a fheabhsú agus sochaí chothrom a spreagadh trí fhorbairt a dhéanamh ar réimse polasaithe agus seirbhísí atá ar ardchaighdeán a sholáthraíonn tacaíocht le haghaidh:**

- **cosaint agus dearbhú na gcearta daonna agus bunshaoirsí comhsheasmhach leis an leas coiteann**
- **slándáil an Stáit**
- **an cur chuige éifeachtach agus cothrom maidir le dul i ngleic le coir**
- **forbairt i dtreo díbirt ar idirdhealú**
- **spreagadh a dhéanamh ar chomhdheiseanna agus fulaingt**

| | SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL | TÁSCAIRÍ TIONCHAIR |
|---|---|---|
| 1 | **Tacaíocht a thabhairt don Gharda Síochána agus Dul i nGleic le Coir**<br><br>**Cuirfimid chun cinn níos mó forfheidhmiú an dlí, cosc ar choir agus slándáil phobail trínár leasú leanúnach struchtúrtha agus seirbhíse den Gharda Síochána agus trí pholasaithe éifeachtacha i gcoinne na coire a fhorbairt, dlíthe éifeachtacha agus cothroime a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus oibriú le cinntiú go mbíonn póilíní le feiceáil inár bpobail.** | **Laghdú i gcoir agus timpeallacht níos sábháilte inar féidir maireachtáil agus obair inti.** |
| 2 | **Seirbhísí Ceartais a Fhorbairt**<br><br>**Leanfaimid orainn ag cur ar aghaidh ár leasuithe struchtúrtha agus seirbhíse ar sheirbhísí ceartais – seirbhísí coiriúla agus eile – ionas go gcuirtear ar chumas na Roinne agus eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais a sainorduithe a chur i bhfeidhm sa chaoi is éifeachtaí agus is éifeachtúla féideartha.** | **Seachadadh seirbhíse ceartais níos gasta agus níos éifeachtaí** |
| 3 | **Soláthar Inimirce agus Seirbhísí Coibhneasacha**<br><br>**Leanfaimid orainn ag forfheidhmiú tiomantais an Rialtais i ndáil le soláthar seirbhísí inimirce agus seirbhísí coibhneasacha, mar aon leis an mbonn reachtach sa réimse seo a thabhairt suas chun dáta nuair is gá.** | **Polasaithe forfheidhmithe go héifeachtach agus seachadadh feabhsaithe na gcóras imirceach** |
| 4 | **Spreagadh ar Shochaí Chomhbhách, Imeasctha agus Chothromasach**<br><br>**Cuirfimid chun cinn sochaí chomhbhách agus chothromasach agus comhordóimid, tacóimid le agus éascóimid imeascadh gach imirceach a mhaireann anseo go dlíthiúil i sochaí na hÉireann trí pholasaithe cuí a chur i bhfeidhm.** | **Sochaí níos comhbháiche ina bhfuil comhionannas deise spreagtha agus curtha chun cinn** |
| 5 | **Spreagadh ar Shochaí Shlán agus Shíochánta**<br><br>**Leanfaimid orainn ag cur chun cinn sochaí shlán agus shíochánta trí réimse leathan de Sheirbhísí Ceartais a sholáthar agus leanfaimid orainn ag cur le rialú freagrúlach áitiúil a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.** | **Slándáil an Stáit cinntithe trí bhearta agus polasaithe cuí** |

| | | |
|---|---|---|
| **6** | **Athchóiriú Dlí**<br><br>**Leanfaimid orainn ag déanamh ar ndlíthe – dlíthe coiriúla agus sibhialta – a leasú agus soláthróimid do chórais rialúcháin feabhsaithe nuair is gá.** | **Reachtaíocht stóinseach agus timpeallacht rialála cuí a fhreastalaíonn ar riachtanais athraithe leanúnacha na sochaí i bhfeidhm** |
| **7** | **Seachadadh Gnó**<br><br>**Tacóimid le seachadadh cuspóirí gnó na Roinne trí fheidhmíocht agus forbairt foirne a fheabhsú, timpeallacht oibre ar ardchaighdeán a sholáthar don fhoireann agus do thomhaltóirí araon, na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chinntiú agus úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní.** | **Cuspóirí gnó bainistithe agus seachadta go héifeachtach** |

**TACAÍOCHT A THABHAIRT DON GHARDA SÍOCHÁNA AGUS DUL I NGLEIC LE COIR**

**Tugann an Roinn tús áite do dhul i ngleic le coir. Tá ról lárnach againn i bhforbairt na creatlaí rialúcháin agus struchtúrtha ina bhfeidhmíonn An Garda Síochána agus i bpolasaithe a chur chun cinn atá ceaptha le níos mó freagrúlachta, geilleagair, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a sholáthar. Táimid fós tiomanta do bhaint amach cibé gníomhaíochtaí atá riachtanach le laghdú a dhéanamh ar leibhéal na coire inár sochaí agus chun ár bpobail agus sráideanna a dhéanamh níos sábháilte. Táthar tar éis roinnt straitéisí a cheapadh chun seachadadh a dhéanamh ar gealltanais a threisíonn a leithéid de cheisteanna agus an troid i gcoinne drugaí agus na coire eagraithe; forfheidhmiú an oird poiblí; póilíneacht éifeachtach agus infheicthe a chinntiú ar leibhéal pobail; dlíthe níos láidre a fhorfheidhmiú i gcoinne na coire; ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le dul i ngleic le coir agus slándáil an Stáit a chosaint; úsáid arm tine agus pléascán a rialáil agus a rialú agus forfheidhmiú na ndlíthe tráchta.**

**Sprioc Ardleibhéil 1:**

**Cuirfimid chun cinn níos mó forfheidhmiú an dlí, cosc ar choir agus slándáil phobail trínár leasú leanúnach struchtúrtha agus seirbhíse den Garda Síochána agus trí pholasaithe éifeachtacha i gcoinne na coire a fhorbairt, dlíthe éifeachtacha agus cothroime a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus oibriú chun a chinntiú go mbíonn póilíní le feiceáil inár bpobail.**

Tá gealltanas láidir agus soiléir ag an Rialtas chun dul i gcoinne na coire. Is é ról na Roinne, i gcomhpháirt leis An Garda Síochána, ná na torthaí mianta a sheachadadh. Chun amhail a dhéanamh, ní mór freagraí a athrú ar bhonn leanúnach le dul i ngleic leis na patrúin athraitheacha agus na foirmeacha gníomhaíochta coiriúla ag teacht chun cinn agus díriú ag an am céanna ar na réimsí ar ábhair imní iad i gcónaí, lena n-áirítear gáinneáil drugaí, an choir eagraithe agus ord poiblí. Ina theannta, bíonn tionchar na gné idirnáisiúnta ar ár bhfreagra ar choir ag dul i méid i gcónaí, mar shampla, gáinneáil ar dhaoine thar teorainneacha, coir drugaí idirnáisiúnta, sciúradh airgid agus cibearchoireacht. Bíonn tionchar lárnach ag freagraí a gcomhordaítear go hidirnáisiúnta ar pholasaí coire a fhorbairt agus táimid tiomanta do chomhoibriú idirnáisiúnta a fheabhsú chuige seo. Cabhróidh reachtaíocht níos déine, díriú feabhsaithe um acmhainní póilíní agus úsáid straitéiseach mhéadaitheach ar eolaíochta fóiréinseach le seachadadh na dtiomantas seo ar fad.

Tá ról riachtanach ag An Garda Síochána sa troid leanúnach i gcoinne na coire. Is é an sprioc atá ag An Gharda Síochána ná “an leibhéal is airde gur féidir de chosaint phearsanta, tiomantas pobail agus slándáil stáit a bhaint amach bunaithe ar an deachleachtas póilíneachta idirnáisiúnta”. Tá an Roinn tiomanta do thacú leis An Garda Síochána i mbaint amach a chuid seirbhísí póilíneachta agus slándála don Stát trí an ról atá leagtha amach don Aire sna hAchtanna Garda Síochána 2005 go 2007. Áirítear leis seo leagadh amach na treorach straitéisí don Gharda Síochána agus freagracht an Choimisinéara a chinntiú i leith feidhmíocht a chuid/a cuid feidhmeanna, lena n-áirítear leagadh amach na dtosaíochtaí póilíneachta agus spriocanna feidhmíochta agus ráitis straitéise agus pleananna póilíneachta bliantúla na nGardaí a fhormheas. Leanfaidh an próiseas leasaithe seo ar aghaidh ionas go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid acmhainní de chuid na nGardaí agus go gcuirfear feabhas ar fhreagrúlacht agus caighdeáin laistigh den Fhórsa.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Leagfaimid an treoir straitéiseach don Gharda Síochána agus cinnteoimid freagrúlacht an Choimisinéara as ucht a chuid/a cuid feidhmeanna chomhlíonadh. | Leagfar tosaíochtaí póilíneachta agus spriocanna feidhmíochta agus déanfar ráitis straitéise agus pleananna póilíneachta bliantúla de chuid na nGardaí a fhormheas. | Tosaíochtaí póilíneachta aitheanta agus spriocanna feidhmíochta mar is cuí. Ráitis straitéise agus pleananna póilíneachta bliantúla na nGardaí formheasta laistigh de spriocdhátaí sonraithe. | Treoir straitéiseach a chur ar fáil don Gharda Síochána agus freagrúlacht an Choimisinéara a chinntiú. |

Maidir le dul i ngleic le coir, lena n-áirítear coir ghunna/dhrugaí/dhrongchoirpeachta, déanann na tosaíochtaí póilíneachta iarracht méadú a dhéanamh ar líon na nGardaí atá i mbun dualgas póilíneachta, feidhmíochta, ard-infheictheachta sa phobal agus beidh ról tábhachtach ag clár leanúnach sibhialaithe maidir le Gardaí a scaoileadh le haghaidh dualgais dá leithéid. Chomh maith le haon athruithe riachtanacha ar rialacháin na nGardaí a chur ar aghaidh agus cóimheas na mball foirne sibhialta a mhéadú chun a chinntiú go n-imscartar acmhainní le cinntiú go ndéantar póilíneacht fónta ar gach ceantar sa tír, tá sé beartaithe freisin Cairt an Gharda Síochána a bhunú a fheabhsóidh amanna freagra agus leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear, lena n-áirítear minicíocht patról ard-infheictheachta.

Táthar fós ag soláthar go leor acmhainní don Gharda Síochána agus féachfaidh an Roinn chuig cinntiú go leantar ar aghaidh ag cur maoinithe ar fáil ionas gur féidir tabhairt faoi infheistiú in acmhainní daonna agus córais airgeadais. Áiríonn sé seo infheistíocht i réimse de thionscadail teicneolaíochta lena n-áirítear soláthar Seirbhíse Raidió Digitigh Náisiúnta don Fhórsa. Oibreoidh an Roinn freisin, i gcomhpháirt le húdaráis na nGardaí agus Cigireacht an Gharda Síochána, chun a chinntiú go mbaineann na hacmhainní amach an leibhéal is éifeachtúla agus éifeachtachta is airde trí bhreathnú ar na deachleachtais phóilíneachta idirnáisiúnta.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Cabhróimid le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le líon na nGardaí , lena n-áirítear earcaíocht ó mhionlaigh agus méadú ar chóimheas na mball foirne sibhialta chuig baill na nGardaí thar gach réimse den eagraíocht. | Acmhainní cuí/tacú rialúcháin do chomórtais earcaíochta d'oiliúnaithe na nGardaí, lena n-áirítear mionlaigh a earcú.<br>Cúnamh chun a chinntiú go n-earcaítear líon fónta de shibhialtaigh. | Leanúint den clár oiliúna i gColáiste na nGardaí agus acmhainní na Gardaí dírithe le dualgais póilíneachta infheicthe, tús líne a sholáthar sa phobal. | Meadú ar líon na nGardaí i láthair i gcoir póilíneachta infheicthe agus chun cead a thabhairt do sheirbhís phóilíneachta éifeachtúil agus éifeachtach agus sásamh poiblí agus braistint slándála de bharr níos mó Gardaí a bheith le feiceáil. |

Gné thábhachtach atá ag teacht chun cinn ná réimse an choisc ar choir agus polasaithe coibhneasacha. Chuige seo is suntasach an páirt a bheidh ag na Comhchoistí Póilíneachta a foráladh dóibh san Acht Garda Síochána 2005.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Táimid chun (i) forfheidhmiú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta Garda Síochána 2005 maidir le Comhchoistí Póilíneachta, (ii) an acmhainn bhreise sa Gharda Síochána a úsáid le díriú ar phobail ina mbíonn go leor iompair frithshóisialta a théann i bhfeidhm ar dhaoine ina saol laethúil, ag féachaint chuig ceantair RAPAID ach go háirithe (iii) a chinntiú go leanann oibríochtaí speisialta ar nós Operation Anvil ar aghaidh ar bhunús riachtanais aitheanta. | (i) Rolladh amach na gComhchoistí Póilíneachta chuig gach údarás áitiúil sa Stát.<br>(ii) Athbhreithniú leanúnach ar úsáid na reachtaíochta ábhartha.<br>(iii) Acmhainní riachtanacha a sholáthar. | (i) Bunú agus feidhmiú sásúil na gCoistí.<br>(ii) Leibhéil iompair frithshóisialta agus cionta oird poiblí i bpobail a mbíonn fadhbanna iontu.<br>(iii) Leibhéal na gníomhaíochta éifeachtaí de chuid na nGardaí i gcoinne na coire | (i) Comhoibriú struchtúrtha feabhsaithe idir na húdaráis agus An Garda Síochána.<br>(ii) Laghdú i leibhéil an iompair fhrithshóisialta agus i leibhéil na gcionta oird poiblí.<br>(iii) Laghdú i leibhéal na coire tromchúisí sonraithe. |

Leanfaidh an Roinn uirthi ag forbairt polasaí i réimse forfheidhmithe an dlí um thrácht ar bhóithre de chuid An Garda Síochána. Sa rud seo rachaidh sí i ndlúth-teagmháil le geallsealbhóirí eile ar nós An Garda Síochána agus an Roinn Iompair agus í mar aidhm aici comhoibriú idirghníomhaireachta a neartú nuair atá bearta á sholáthar chun bás agus gortú tromchúiseach ar bhóithre a laghdú agus géilliúlacht leis an dlí um thrácht ar bhóithre a fheabhsú i gcoitinne.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Cuideoimid leis An Garda Síochána chun spriocanna na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 a bhaint amach. | Acmhainní riachtanacha a sholáthar agus cabhrú leis an Roinn Iompair nuair atá aon athruithe riachtanacha á ndéanamh acu don reachtaíocht um thrácht ar bhóithre. | Líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a tharlaíonn de chúis imbhuailtí ar bhóithre. | Laghdú i líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha. |

I measc na hacmhainní a mbíonn rochtain ag An Garda Síochána orthu tá anailísí fóiréinseacha ar ardchaighdeán ag an Saotharlann Eolaíochta Fóiréinseach agus Oifig Phaiteolaí an Stáit. Déanfar na hacmhainní seo a fheabhsú ag forbairt na reachtaíochta agus ag socruithe forfheidhmithe eile d'fhonn Bunachar Sonraí DNA a chur ar fáil chun cabhrú le haimsiú agus ionchúiseamh na gcionta.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Leanfaimid orainn ag cinntiú go gcuirtear acmhainní ar fáil don Gharda Síochána chun tacaíocht a thabhairt dá riachtanais lena n-áirítear Bunachar Sonraí DNA a thabhairt isteach le bheith in úsáid mar uirlis faisnéise in aimsiú agus ionchúiseamh na gcionta. | An fhorbairt de bhonn reachtúil le haghaidh an bunachar sonraí, in éineacht leis an bpleanáil, acmhainniú agus comhordú atá riachtanach le haghaidh forfheidhmiú rathúil. | (i)Reachtaíocht a achtaíodh.<br>(ii) Bunachar Sonraí DNA bunaithe. | Faisnéis agus creatlach fhianaise feabhsaithe don Gharda Síochána. |

Beidh tábhacht ar leith ag baint leis seo sa troid i gcoinne na coire eagraithe, lena n-airítear coir ghunnaí agus gáinnéil drugaí, atá fós mar phríomh thosaíocht. Leanfaidh an Roinn uirthi ag forbairt polasaí maidir le dul i ngleic le coir eagraithe agus déanfaidh sí, i gcomhar leis An Garda Síochána, a cuid iarrachtaí chun dul sa tóir ar na heilimintí sin sa sochaí a bhfuil baint acu fós i ngníomhaíocht choiriúil tromchúiseach, a chothú go bríomhar. Leanfaidh An Garda Síochána Ar aghaidh ag tús cadhnaíochta agus mar cheannaire ar fhreagra an Stáit maidir le dul i ngleic le gníomhaíochtaí na gcoirpigh seo trí mheán:

- úsáid leanúnach na n-aonad speisialaithe agus oibríochtaí póilíneachta sprioctha
- próifíliú, bailiú na faisnéise agus measúnuithe na bagartha maidir le daoine aonair agus grúpaí atá bainteach leis na catagóirí coire seo
- An tóraíocht leanúnach ag an mBiúró um Shócmhainní Cóiriúla ar fháltais na coire.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Leanfaimid orainn ag forbairt na polasaithe maidir le dul i ngleic le coir eagraithe. | Tacaíocht feabhsaithe don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. | Tacaíocht do láithreacht feidhmíochta an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a leathnú i ngach ceann de Rannóga na nGardaí trí tuilleadh próifíleoirí sócmhainne agus oifigigh idirchaidrimh a thabhairt isteach. | Beidh naisc díreacha chuig an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ag gach ceann de Rannóga na nGardaí. |

Cuirfear socruithe idirchaidrimh feabhsaithe idir an Roinn agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla i bhfeidhm chomh maith i dtóraíocht na ndaoine siúd atá bainteach le gáinneáil drugaí ar gach leibhéal. Tá dul i ngleic le fadhb na gáinneála drugaí, na mangaireachta drugaí agus úsáid/mí-úsáid na ndrugaí fós mar phríomhthosaíocht de chuid na Roinne le béim láidir ar laghdú an tsoláthair drugaí, póilíneacht réamhghníomhach agus éifeachtach i ndéileáil le lucht gáinneála drugaí, díriú ar shócmhainní na gcoirpeach drugaí, agus aon úsáid drugaí neamhdhleathacha inár bpríosúin a dhíothú. Leanfaidh an Roinn ag cur le Straitéisí Náisiúnta Drugaí an Rialtais 2001-2008 agus 2009-2016, ag obair go dlúth le Ranna agus gníomhaireachtaí reachtúla eile atá bainteach i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phobail agus an earnáil um chóireáil deonach.

Ar leibhéal an AE, leanfaidh an Roinn uirthi ag obair go dlúth le Ranna Rialtais eile i gcur chuige comhpháirtíochta le Ballstáit eile chun Straitéis Drugaí an AE 2005-2012 a uchtaíodh ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag 2004 a chur i bhfeidhm. Tá an Straitéis seo ina chuid intreach de Chlár na Háige agus tá sí ina phríomhuirlis chun dul i ngleic go héifeachtach le úsáid agus gáinneáil drugaí.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Déanfaimid cumas an Stáit chun dul i ngleic le fadhb na ndrugaí inár bpobail faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 reatha agus an Straitéis Drugaí 2009-2016 ina dhiaidh sin a leathnú. | Rannpháirteachas agus páirtíocht Rannach réamhghníomhach leanúnach i gCreatlach Pholasaí na nDrugaí a bunaíodh chun Straitéis Náisiúnta Drugaí comhordaithe de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm, cur go gníomhach le forbairt na Straitéise Náisiúnta Drugaí 2009-2016 agus tús a chur le forfheidhmiú na n-eilimintí den Straitéis sin a bhaineann le ceartas coiriúil. | (i) Dul chun cinn leanúnach i bhforfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Drugaí 2001-2008 de chuid an Rialtais.<br>(ii) Eilimintí cuí a bhaineann le ceartas coiriúil ionchorpraithe isteach sa Straitéis Náisiúnta Drugaí nua agus cosán forfheidhmithe i bhfeidhm chun tiomantais na Roinne seo faoin Straitéis nua a chomhlíonadh. | Cuireadh i gcrích cur chuige polasaí uilechuimsitheach agus comhtháite an Rialtais a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhb na ndrugaí trasna na príomh-cheannteidil d'oideachas agus cosc, laghdú an tsoláthair, cóireáil agus athshlánú agus taighde agus forfheidhmiú na Straitéise Drugaí nua. |

Tá an Roinn tiomanta chomh maith do chosc a chur ar gháinneáil i ndaoine, saincheist atá suntasach anois ar scála domhanda agus déanfaidh sí gach rud is féidir léi chun an cion suarach seo a chosc ó bhonn a fháil in Éirinn trí chlár cuimsitheach reachtaíochta, forbairt pholasaí agus forfheidhmiú na gníomhaíochta a thabhairt chun cinn go réamhghníomhach. Leagann an Clár don Rialtas tiomantas ar Éire i leith daingniú Prótacal na NA um Gháinneáil i nDaoine, go háirithe Mná agus Leanaí, a Chosc, a Shochtadh agus a Phionósú; Cinneadh Creatlaí na Comhairle AE um Dul i nGleic le Gáinneáil na nDaonnaí agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Ghníomhaíocht i gcoinne

Gáinneáil na nDaonnaí. Ta súil go mbeidh Éire gluais chun suímh i leith daingniú Prótacal na NA agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa faoi Bhealtaine 2009.

Tá an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008 a tháinig i bhfeidhm ar 7ú Meitheamh cloífidh leis an Prótacal na NA agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le gnéithe forfheidhmithe an dlí/ an dlí coiriúil de chuid na gáinneála. Tá sé géilliúil go hiomlán leis an Cinneadh Creatlaí na Comhairle AE. Déanann an tAcht coiriúlacht ar gáinneáil na ndaonnaí maidir le teacht i dtír gnéasach agus dúshaothrú lucht oibre nó i dtaobh gáinneáil orgán. Pionós de fíneáil agus /nó suas le príosúnacht lena shaol a baintear maidir leis na cionta seo. Deántar cionta as díol nó cuir ar díol, nó ceannach nó cuir ar ceannach, aon duine. Pionós de fíneáil agus/ nó suas le príosúnacht lena shaol a feidhmigh ar chiontú. Déanann an tAcht coiriúil as a iarraidh ar daoine gáinneáilte maidir le striapachas de pionós de fíneáil agus/nó suas le príosúnacht cúig bhliain ar chiontú ar díotáil.

Déanfaidh achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint foráil do thréimhse athshlánaithe agus machnaimh de 45 lá i dtreo agus gur féidir le híospairtigh éalú ó thionchar an lucht gáinneála agus i gcúinsí nuair is mian leo cabhrú leis na Gardaí in aon fhiosrúcháin nó ionchúiseamh maidir leis an ngáinneáil líomhanta, tréimhse chónaitheach sé mhí eile chun ligean dóibh a leithéid a dhéanamh. Léiríonn an creatlach riaracháin go leathan na forálacha an bille, a tabhairt isteach ar 7ú Meitheamh déanfaidh do thréimhse athshlánaithe agus machnaimh agus chónaitheach san Stáit go dtí achtú iomlán forálacha an Bille.

Chomh maith leis an forálacha ar thréimhsí coiriúlaithe agus machnaimh beidh róil lárnacha ag roinnt bearta riaracháin. Bunú Aonad Frith-Gháinneála na nDaoine faoi cheannas Stiúrthóir Feidhmiúcháin i Feabhra 2008 leis an fheidhm a chinntiú go mbeidh freagairt an Stáit comhordanáidithe, chuimsitheach, iomlánaíoch. Sa chomhthéacs seo beidh an tAonad gafa le níos mó na 50 pháirithe leasmhara sa bhaile agus idirnáisiúnta. I dteannta sin bunú an Grúpa Ardleibhéil idir- rannach um Chomhrac na Gáinneála i nDaonnaí le iondaithe on príomh Ranna Rialtais ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun cur chuige a mholtar ar slí freagairt is oiriúnach agus is éifeachtúil le Gháinneála na nDaoine. Tá na nithe seo dírithe san Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chomhrac Gáinneála i nDaoine. Tá sé beartaithe go mbeidh dréacht Plan Gníomhaíochta Náisiúnta curtha faoi bhráid an Aire i gcoir ceadú faoi deireadh 2008. Ta fóram cómhchéime Rialtais agus gan – Rialtais agus 5 grupaí idirdhisciplíneach oibre bunaithe chun déileáil le nithe maidir le gáinneála leanaí, dúshaothrú lucht oibre, teacht i dtit gnéasach, oiliúint fheasachta, agus forbairt den Modh Náisiúnta Atreorúcháin.

Tá Éire mar bhall den Tionscnamh G6, grúpa bunaithe i gcoir bliain amháin chun déileáil le gáinneáil ar dhaoine. Tá Éire ina cinnire ar an tsnáithe um oiliúint fheasachta ar súil idir Iúil agus Dheireadh Fómhair 2008 san sé grúpa ballstáit, atá dírithe ar an phobal ghinearálta agus um fhorfheidhmiú dlí pearsanra. Bunaithe ar an Ríochta Aontaithe " Blue Blindfold Campaign" chun mhisniú aon duine tuairisc amhras ar gáinneáil. Ta súil go mbeidh an feachas ar súil i Éire i Dheireadh Fómhair 2008. Suas chun dáta, fuair beagnach 150 bhall do na Garda Síochána traenáil san réimse gáinneáil ar dhaoine mar pháirt den forbairt leanúnach gairmiúla. Tá an réimse faoi gáinneáil ar dhaoine mar pháirt de traenáil earcach. Ta an Eagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce ag éascaigh traenáil cigire ón tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, cigire ón tÚdarás Slándála Priobhaidí agus pearsanra FSS.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cuirfimid bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil Éire lán-ghéilliúil leis na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha go léir chun dul i ngleic le gáinneáil i ndaonnaí. | Achtú na reachtaíochta agus bearta riaracháin chun Prótacal na NA, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa agus Cinneadh Creatlaí an AE a thabhairt i bhfeidhm. Cinnteoidh an Grúpa Ardleibhéil a bunaíodh ar bhonn idir-rannach, maidir le moltaí na grúpaí oibre agus na pháirithe leasmhara eile go bhfuil freagra an pholasaí cuí agus oiriúnach araon agus go ndéanfaidh Aonad Frith-Gháinneála Daonnaí | Déanfar na hIonstraimí Idirnáisiúnta ábhartha go léir a chur i bhfeidhm agus a dhaingniú; cuirfear Meicníocht Atreoraithe oiriúnach i bhfeidhm chomh maith le bearta cuí le haghaidh cúram agus cosaint na n-íospairteach; críochnófar Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chomhrac Gáinneála i nDaoine. | Beidh freagra polasaí uilechuimsitheach agus soiléir curtha i bhfeidhm ag an Rialtas chun Éire a chosc ó éirí ina phríomh cheann scríbe le haghaidh gáinneáil ar dhaoine. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | nua freagra an pholasaí a chomhordú. | | |

Le blianta beaga anuas chonacthas méadú in úinéireacht na n-arm tine ar mhaithe le tóraíocht áineasa ar nós sealgaireacht agus foghlaeireacht targaidí. Tháinig leasú ollmhór i bhfeidhm ar an reachtaíocht a bhí ag rialú na ceiste seo le hachtú an Achta um Cheartas Coiriúil 2006 a thug leasuithe suntasacha don dlí isteach maidir le hairm tine atá ina seilbh go dlíthiúil. Ina measc siúd, chomh maith le nithe eile, tá bearta a bhaineann leis an gcóras ceadúnaithe, oiriúnacht chun airm tine a bheith ina seilbh, cóiríocht daingean d'airm tine, iniúchadh na machairí lámhaigh agus feidhmiú na gclubanna gunnaí. D'fhonn na leasuithe seo a éascú, bunaíodh Painéal Comhairleach déanach i 2007, ina bhfuil baill ó ghrúpaí spéise sealgaireachta agus spóirt, An Garda Síochána agus Ranna Rialtais ábhartha, chun tabhairt isteach an chórais cheadúnaithe nua a chur ar aghaidh. Leanfaidh an t-idirchaidreamh leis na hionadaithe seo ar mhaithe le polasaithe rialaithe nua um airm tine a chur i bhfeidhm agus i bhfeidhmiú na reachtaíochta a bheidh faoi athbhreithniú go rialta.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Coimeádfaimid éifeachtacht an dlí agus an pholasaí do rialachán agus rialú na n-arm tine faoi athbhreithniú | Ullmhú d'fhorfheidhmiú na bhforálacha atá fágtha maidir le hairm tine san Acht um Cheartas Coiriúil 2006 agus reachtaíocht ábhartha níos nuaí nuair a thagann sí chun cinn. | Achtú na bhforálacha atá fágtha. | Tabhairt isteach an chórais cheadúnaithe um airm tine nua. |

Ina theannta sin, tá éileamh níos mó ar phléascáin go háirithe ar mhaithe le tógáil bhóithre agus tionscadail tógála eile. Is gá le feidhm chomhairleach agus forfheidhmitheach araon uaidh seo ón Roinn, i ndéileáil le, mar a dhéanann sí faoi láthair, réimse éagsúil custaiméirí ag dul ó ghníomhaíochtaí feidhmíochta na monarchan, na mianach, na gcairéal agus na tógála. Tá iarmhairtí tulchnagtha an mhéadaithe san éileamh ar phléascáin agus ar fhorfheidhmiú agus éifeachtacht na reachtaíochta agus an pholasaí sa réimse seo faoi athbhreithniú rialta le meabhraíocht áirithe á thógáil faoin gcomhthéacs AE atá ag dul chun cinn sa chaoi seo. Thosaigh ollchóiriú mór reachtaíochta na bpléascán ag dul siar go dtí an naoú haois déag i 2006 agus táthar ag siúl go mbeidh tograí reachtacha nuashonraithe agus comhtháite críochnaithe go luath.

Tá coir agus foréigean léirithe ar leibhéal atá i bhfad níos caidreamhaí agus pearsanta, ag díriú ar na baill is leanbaí agus soghonta sa sochaí. Is imní chomh príomha sin de chuid na Roinne seo é foréigean baile agus gnéasach i gcoinne mná agus fir, lena n-áirítear daoine níos sine gur bunaíodh Oifig Fheidhmiúcháin tiomnaithe le hacmhainní don chéad uair riamh, agus í mar phríomhfhreagracht aici a chinntiú go seachadtar freagra atá comhordaithe go maith ar mhí-úsáid/foréigean dá leithéid. Bunaíodh Cosc (a chiallaíonn "stad" nó "cosc"), An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-bhunaithe a Chosc, i Meitheamh 2007. Tugann Cosc tacaíocht do struchtúir an Stáit agus neamhrialtasacha atá i bhfeidhm cheana féin chun déileáil le foréigean i gcoinne mná agus tá sé i dteagmháil leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith maidir le saincheist an fhoréigin bhaile agus ghnéasaigh i gcoinne fir agus seanóirí. An príomh tasc ag Cosc thar tréimhse an Ráiteas Straitéise seo ná dréacht agus chur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta ar Fhoiréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-bhunaithe a chuiriú fair bhráid an Rialtais i Meán Fómhair 2009. Forbróidh agus seachadfaidh Cosc straitéisí um ardú meabhraíochta chomh maith, forbróidh sí caighdeáin um chláir seachadta seirbhíse agus oiliúna agus chuirfidh sí gníomhartha atá dearfach go straitéiseach a oibreoidh le déantóirí na coire foréigin bhaile i bhfeidhm.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cinnteoimid an comhordú níos fearr de pholasaithe agus seirbhísí ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscne-bhunaithe agus an fhorbairt de Straitéis Náisiúnta i gcomhréir leis an deachleachtais idirnáisiúnta lena n-áirítear meabhraíocht a ardú i measc an phobail i gcoitinne faoi nádúr coiriúil agus doghlactha d'fhoréigean dá leithéid. | Crochnú na Straitéise Náisiúnta a formheasta ag an Rialtas. Eascú na cumarsáide idir-eagraíochta, straitéisí deachleachtais a aimsiú agus caighdeáin seirbhíse chun forbairt na an pholasaí straitéiseach a chur in iúl, aithint agus réiteach na bhfadhbanna láithreacha agus roinnt an eolais ar pholasaithe. | (i) Tuairisciú méadaithe d'fhoréigean baile, gnéasach agus inscne-bhunaithe<br>(ii) Réiteach na bhfadhbanna láithreacha.<br>(iii) Obair idir-eagraíochta feabhsaithe agus forbairt na bpolasaithe atá fianaise-bhunaithe feabhsaithe.<br>(iv) Meabhraíocht mhéadaithe faoina leithéid d'fhoréigean mar chionta. | Polasaithe feabhsaithe i leith foréigean baile, gnéasach agus inscne-bhunaithe.<br>Seachadadh seirbhíse níos fearr d'íospairtigh agus meoin athraithe i leith cionta. |

Tá cothú na creatlaí tacaíochta cuí d'íospairtigh coire sa todhchaí ríthábhachtach agus tá roinnt mhaith bearta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfanann an saincheist seo ar thús cadhnaíochta i dtiomantais na Roinne. Bunaíodh an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospairtigh na Coire ar bhonn idirthréimhseach chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí a chuireann tacaíocht tosaigh ar fáil d'íospairtigh na coire agus tá sé á thacú ag an Roinn. Thar saolré an Ráitis Straitéise seo, forbróimid polasaithe agus straitéisí chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil d'íospairtigh na coire, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'eagraíochtaí deonacha atá ag obair sa réimse. Ardóimid meabhraíocht agus eolas an phobail faoi éifeacht na coire agus cuirfimid meabhraíocht faoi na seirbhísí atá ar fáil d'íospairtigh na coire chun cinn. Déanfaimid taiscéaladh ar chumas acmhainneachta na mbeart um cheartas aisiríoch chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-íospairteach a bhfuil suim acu ann fad agus atá rogha eile á thairiscint dóibh faoi dhul sa tóir ar atreorú na gciontóirí ó chionta a dhéanamh arís. Ós rud é gur saincheisteanna leithne iad seo, déanfar naisc níos láidre a fhorbairt le Ranna eile, déanfar gníomhaireachtaí an chórais cheartais choiriúil agus geallsealbhóirí eile a fhorbairt chun comhtháthú a fheabhsú nuair atá tacaíocht á chur ar fáil d'íospairtigh na coire agus, i gcomhréir le tiomantais an Rialtais, téigfear sa tóir ar an céist do Gníomhaireacht um Thacaíocht d'Íospairtigh agus Comhairle na n-Íospairteach. Tuairisceoimid don Choimisiún Eorpach faoi trasuíomh agus forfheidhmiú an Chinnidh Creatlaí faoi Seasamh na n-Íospairteach in Imeachtaí Coiriúla agus déanfaimid foráil do Chairt na n-Íospairteach athbhunaithe – *A Guide to the Criminal Justice System*.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Bunóimid Gníomhaireacht um Thacaíocht d'Íospairtigh agus Comhairle na n-Íospairteach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-íospairteach i slí chomhtháite. | Tacaíochtaí feabhsaithe a thabhairt isteach d'íospairtigh na coire agus creatlach pholasaí nua a fhorbairt. | Seirbhís tacaíochta chuimsitheach d'íospairtigh na coire ag ionchorprú leasa na ngeallsealbhóirí atá ann. | Tá íospairtigh na coire níos sásta anois go bhfuil aghaidh á thabhairt ar a gcuid riachtanais laistigh den chóras ceartais coiriúil. |

Ina theannta sin, ó thaobh na teicneolaíochta de, agus mar fhreagra ar ábhair imní atá ag fás maidir le sábháilteacht an idirlín bunaíodh Oifig um Shábháilteacht ar an Idirlíon (OIS) mar Oifig Fheidhmiúcháin de chuid na Roinne. Beidh an Oifig seo freagrach as ucht bearta a chomhordú i dtreo agus go gcinntítear comhshaol idirlín níos sábháilte laistigh de chreatlach féin-rialaitheach agus comhoibríoch. Beidh béim ar leith na hOifige dírithe ar an troid i gcoinne pornagrafaíocht leanaí. Cuirfear líon tionscnamh i bhfeidhm thar an chéad trí bliana eile lena n-áirítear (i) freagracht a ghlacadh as ucht maoirsiú a dhéanamh ar an mBeolíne Idirlín (www.hotline.ie ) a dhéileálann le tuairiscithe rúnda d'ábhar neamhdhleathach ar an idirlíon, (ii) ag cur feachtais mheabhraíochta sábháilteachta chun cinn, (iii) ag déanamh amach, i gcomhar leis An Garda Síochána, na háirgiúlachtaí a bhaineann le teicneolaíocht bhacainneach a thabhairt isteach agus (iv) monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht le Cód Cleachtais tionscail na Soláthraithe Seirbhíse Idirlín (ISP). Tógfaidh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Idirlín áit an Bord Comhairleach Idirlín reatha agus beidh sé mar shainchúram aige tacaíocht a thabhairt d'obair an OIS agus tabharfar an comhlacht seo ó ionadaithe na bpríomh-gheallsealbhóirí sna hearnálacha reachtacha, tionsclaíocha agus pobail.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Forbróimid an Oifig um Shábháilteacht ar an Idirlíon agus bunóimid Comhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Idirlín chun polasaí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt sa troid i gcoinne pornagrafaíocht leanaí. | Comhshaol féin-rialaitheach láidir a fhorbairt le haghaidh sábháilteacht idirlín, go háirithe maidir le pornagrafaíocht leanaí. | Saincheisteanna Sábháilteachta Idirlín suite laistigh de chreatlach polasaí choire na Roinne agus ceangailte le príomhthionscail agus geallsealbhóirí eile. | Comhshaol idirlín níos sábháilte do leanaí, gan aon phornagrafaíocht leanaí cruthaithe in Éirinn nó ostaithe ar fhriothálaithe Éireannacha. |

Leanfaidh an Roinn uirthi ag cinntiú cur chuige straitéiseach soiléir i leith polasaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le hábhair ina bhfuil comhoibriú na bpóilíní agus breithiúnas coiriúil bainteach.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Tabharfaimid forfheidhmiú dualgas Schengen na hÉireann ar aghaidh agus déanfaimid forfheidhmiú ar fhorálacha Cláir na Háige um Neartú na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais san AE agus aon Phlean Gníomhaíochta. | Glacann Enable Ireland páirt sa Choinbhinsiún Schengen i réimsí cuí, oibríonn sé le páirtithe ar leibhéal an AE chun forálacha Cláir na Háige/Phlean Gníomhaíochta ábhartha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú agus páirt a ghlacadh in obair chun comharba do Chlár na Háige a fhorbairt a rachaidh in éag ag deireadh 2009. | Achtú na reachtaíochta riachtanaí agus soláthair na n-áiseanna teicniúla as a dtiocfaidh formheas ó Chinneadh na Comhairle AE do bhearta forfheidhmithe na hÉireann, spriocdhátaí ábhartha a thagann chun cinn ó fhorfheidhmiú Chlár na Háige a chomhlíonadh agus uchtú tráthúil an chláir nua. | Reachtaíocht achtaithe agus áiseanna teicniúla curtha ar fáil, Clár na Háige agus an Plean Gníomhaíochta curtha i bhfeidhm chomh fada agus is féidir agus Clár nua uchtaithe. |

Is eilimintí tábhachtacha iad tacaíocht do, agus forfheidhmiú an chomh-chúnaimh in ábhair choiriúla agus socruithe géillte agus eiseachadta idir stáit d'ár dtiomantas chun dul i ngleic le bagairt na coire trasteorann. Méadóidh ár dtiomantais idirnáisiúnta maidir le comh-chúnamh thar an tréimhse atá clúdaithe ag an Ráiteas Straitéise seo le forfheidhmiú roinnt mhaith ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha breise. Leanfaidh an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 a bheith ina creatlach dleathach d'ár socruithe géillte lenár bpáirtithe AE. Mar sin féin, déanfar tograí um leasú an Achta seo ar aghaidh de dheasca an dlí-eolaíocht atá ag forbairt agus forbairtí eile. Tá ról tábhachtach ag an Oifig Eorpach Póilíní (EUROPOL) i dtacú le Ballstáit an AE chun dul i ngleic le coir idirnáisiúnta agus leanfaimid orainn ag déanamh ár gcuid chun a chinntiú go bhfuil an chreatlach dlíthiúil is oiriúnaí i bhfeidhm chun cabhrú le Europol a chuid cuspóir a chomhlíonadh.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Déanfaimid an Lár-Údarás um Chúnamh Frithpháirteach, an Lár-Údarás um an Barántas Gabhála Eorpach agus um Eiseachadadh a bhainistiú le haird ar na hathruithe reachtacha. | Forbairt na nósanna imeachta feidhmíochta éifeachtacha agus iarratais ar chúnamh frithpháirteach, géilleadh agus eiseachadadh a phróiseáil i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta an deachleachtais agus riachtanais reachtacha agus gnásúla. | Freagra éifeachtach agus tráthúil i leith cúnaimh fhrithpháirteach, géilleadh agus eiseachadadh. | Méadú sa chríochnú rathúil d'iarratais ar chúnamh frithpháirteach, géilleadh agus eiseachadadh. |

Rinneadh neartú ar an troid i gcoinne breabaireacht agus éilliú ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta le cúpla bliain anuas agus shínigh Éire suas le roinnt Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta coibhneasacha. Is féidir le cionta na breabaireachta agus an éillithe tionchar an-dochrach a bheith ar gheilleagar agus measann an Banc Domhanda go gcailltear 0.5% den OTN trí mheán éilliú gach bhliain. Tá an Rialtas lán tiomanta do chinntiú go bhfuil páirc imeartha réidh ann le haghaidh na cuideachtaí go léir atá ag feidhmiú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá ról ceannasach ag an Roinn seo maidir le dul i ngleic le breabaireacht agus éilliú. Rinneadh nuashonrú ar an Dlí um Éilliú ina dhiaidh achtú an Achta um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001. Foilsigh Bille nua um Éilliú a Chosc (Leasú) i 2008. Bhunaigh an Roinn Coiste Géilliúlachta na n-Oifigeach Sinsearacha trasrannach maidir leis an gCoinbhinsiún OECD i leith dul i ngleic le breabaireacht na n-oifigeach poiblí coigríche. Tá an Roinn tiomanta chomh maith do mheabhraíocht a ardú faoi dhualgais na hÉireann i leith na conarthaí idirnáisiúnta éagsúla.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Oibreoimid le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile i dtreo daingniú agus lán ghéilliúlacht leis na conarthaí idirnáisiúnta ábhartha go léir. | Níos mó meabhraíochta faoi chionta na breabaireachta agus an éillithe a chruthú ar fud na hearnálacha gnó agus Rialtais.<br>Leasuithe reachtaithe a ligfidh do dhaingniú an Choinbhinsiúin NA i gcoinne Éilliú agus ar mhaithe le lán ghéilliúlacht leis an gCoinbhinsiún OECD ar Bhreabaireacht na n-Oifigeach Poiblí. | Achtú na reachtaíochta agus forfheidhmiú aon bhearta riachtanacha eile i rith saolré an Ráitis seo chun lán ghéilliúlacht leis na conarthaí ábhartha go léir a chinntiú. | Níos mó meabhraíochta faoi cad is breabaireacht agus éilliú ann.<br>Tuarascálacha fabhracha ar fhreagra na hÉireann faoin saincheist seo ó na meicníochtaí luachála éagsúla de chuid na Conarthaí Idirnáisiúnta. |

Leanfaidh an Roinn ag forbairt agus ag déanamh polasaithe coire leathan. I gcomhar le Rannóga eile den Roinn agus i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, cuirfimid leis an bhforbairt de straitéis chuimsitheach chun dul i ngleic le coir agus cinnteoimid go ndéileálann na gníomhaireachtaí poiblí ábhartha go léir le coir i slí chomhtháite. Ina measc seo tá forbairt na gcuspóirí agus déantús agus cur chun cinn na dtionscnamh polasaí chun cabhrú leis An Garda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile le dul i ngleic le coir le huasmhéid na héifeachtachta.

**SEIRBHÍSÍ CEARTAIS A FHORBAIRT**

**Tá an Roinn tiomanta do chinntiú go bhfuil a dhóthain acmhainní ag gach réimse den chórais cheartais – idir choiriúil agus eile - agus d'idirghníomh éifeachtach idir na príomheagraíochtaí. Tá ról ceannasach againn i gcinntiú go sheachadann na heagraíochtaí san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais ar na tiomantais go léir atá i straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

**Sprioc Ardleibhéil 2:**

**Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár bpolasaí, leasuithe struchtúrtha agus seirbhíse de sheirbhísí ceartais - coiriúil agus eile - ionas gur féidir leis an Roinn agus eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais a gcuid sainorduithe a chur i bhfeidhm sa bhealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla féideartha.**

Tá baint dhíreach ag éifeachtacht ár bpolasaithe agus gníomhaíochtaí leis an gcumas atá againn agus cumas eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais seachadadh a dhéanamh ar thiomantais an Rialtais. Mar sin, leanfaidh leasú eagraíochtúil atá dírithe i dtreo seachadadh na ngníomhaíochtaí agus seirbhísí deachleachtais ar fud an chórais Ceartais ar aghaidh mar thosaíocht don Roinn.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag forbairt agus ag neartú rialachas corparáideach ar fud an chórais, ag díriú go speisialta ar fheidhmíocht agus freagracht eagraíochta ar gach leibhéal. Cuirfear béim ar leith ar ár gcaidreamh le heagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais ar an riachtanas atá ann a chinntiú go seachadtar tiomantais an Chláir Comhaontaithe don Rialtas, agus tiomantais eile atá sna straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta cosúil le Comhaontuithe Comhpháirtíochta, an Plean Forbartha Náisiúnta agus Clár Oibre Liospóin (Clár Athchóirithe Náisiúnta), Formhór díobh a thiteann faoi eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais le haghaidh forfheidhmithe. Comhlíonfaidh an Roinn an fheidhm chriticiúil agus leanúnach um acmhainní airgeadais a sholáthar chuig na heagraíochtaí seo laistigh de dhlúth-chreatlaí airgeadais agus bainistíochta.

## Seirbhísí Ceartais Coiriúil

An ról atá ag an Roinn sa réimse seo ná treoir polasaithe a sholáthar do na Seirbhísí um Cheartas i leith an Aosa Óig, Príosúin, Promhaidh agus Cúirteanna agus chun a chuid cláir nuachóirithe agus athchóirithe a dhoimhniú trí bhonneagar fisiceach, nósanna imeachta agus próisis oibre a fheabhsú. Chomh maith leis sin, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'obair Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána mar aitheantas ar an ról lárnach atá aici mar uirlis neamhspleách d'fhreagracht na nGardaí.

Tá réimse leathan cumhachtaí imscrúdaitheacha ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a d'fhéadfaí glaoch orthu fiú i gcúinsí nach ndéantar aon ghearán. Tá iallach ann imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna bainteach le bás, nó díobháil tromchúiseach do dhuine mar thoradh oibríocht Garda no i gcoimeád na nGardaí. Is féidir leis an Aire glaoch ar shaineolas an Choimisiún chomh maith chun imscrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar chleachtais agus nósanna imeachta agus í mar aidhm minicíocht na ngearán a laghdú.

Tá Ceartas i leith an Aosa Óig ina phríomhthosaíocht ag an Roinn agus tugadh an sainordú do Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (SÉCAÓ) athchóiriú sa réimse seo a threorú agus a stiúradh. Is Oifig Feidhmiúcháin de chuid na Roinne í an SÉCAÓ a oibríonn le hOifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGO).

Caithfidh an córas ceartais i leith an aosa óig a bheith ábalta freagairt mar is cuí ar réimse leathan na gcionta a dhéanann daoine óga. Go minic bíonn gá le cur chuigí éagsúla ag brath ar thromchúiseacht agus cúinsí de chuid coir áirithe. Le bheith uileghabhálach agus éifeachtúil mar sin, caithfidh córas ceartais i leith an aosa óig a bheith bainteach i mbealach comhtháite le níos mó ná an earnáil ceartais coiriúil amháin. Thabharfadh taighde coireolaíoch le tuiscint go gcuireann tosca socheacnamaíocha le ciontú dianseasmhach na ndaoine óga. Tá claonadh ann go bhfuil na tosca seo comhshuite go maith ag saincheisteanna atá bhunaithe ar theaghlach nó go pearsanta, cosúil le mí-úsáid drugaí nó alcóil, tuistiú lag nó neamhleor agus loiceadh oideachais.

Tá próiseas mór straitéiseach i bhfeidhm ina bhfuil páirtithe sóisialta san áireamh chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta. Ionchorpraíonn sé bearta a théann i ngleic le bun-chúiseanna na coire agus ciontú an aosa óig. Tá bearta eile, atá sainiúil i leith cosc ar an gcoir, i bhfeidhm chomh maith.
Tá éagsúlacht leathan de ghníomhaireachtaí agus struchtúir bainteach leo seo uile ar leibhéil ollmhóra de chaiteachas poiblí. Maidir le ceartas i leith an aosa óig, ardaíonn sé seo saincheist faoi

chomhordú uileghabhálach agus nascacht straitéiseach na seirbhísí, go háirithe ar leibhéal áitiúil chun seirbhísí a sheachadadh do leanaí atá i dtrioblóid leis an dlí agus ciontú an aosa óig a laghdú. Sa bhreis ar sin, tá an SÉCAÓ ag forbairt Straitéis Náisiúnta um Cheartas i leith an Aosa Óig, an chéad ceann den chineál seo in Éirinn, i gcomhairle le geallsealbhóirí náisiúnta lena n-áirítear Oifig an Aire Leanaí Gnóthaí Óige (OALGO), An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Beidh an SÉCAÓ, ag comhlíonadh an dúshláin um chiontú a laghdú, ag díriú go príomha ar atreorú agus athshlánú le baint níos mó ag úsáid na n-idirghabhálacha pobal-bhunaithe agus cur chun cinn na dtionscnamh chun déileáil le daoine óga a chiontaíonn. Tá soláthar timpeallachta slán agus daingean do leanaí faoi choinneáil agus tacaíocht lena gcuid ath-chomhtháthú isteach sa phobal mar phríomhfheidhm na Seirbhíse freisin.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Déanfaimid (i) infheistiú i soláthar saoráidí sábháilte agus slán le haghaidh ciontóirí an aosa óig, (ii) forbairt ar líon Tionscadail na nGardaí um Atreorú na nÓg agus cláir eile agus (iii) maoiniú a sholáthar le haghaidh raon smachtbhannaí pobail in ionad coinneáil agus a bheidh á fheidhmiú ag an Seirbhís Phromhaidh. | Oibreoidh an SÉCAÓ (i) le geallsealbhóirí chun forbairt a dhéanamh ar shaoráidí coinneála le haghaidh ciontóirí aosa óig (ii) leis An Garda Síochána chun líon na dtionscadal infhaighte ar fud na tíre de réir an Clár don Rialtas a mhéadú agus (iii) leis an Seirbhís Phromhaidh chun a chinntiú go bhfuil an raon smachtbhannaí pobail ar fáil do na Cúirteanna. | (i) Feabhas ar shaoráidí le haghaidh ciontóirí an aosa óig agus dul chun cinn i bhforbairt ionad náisiúnta nua le haghaidh ciontóirí an aosa óig.<br>(ii) Feidhmiú céimneach de thionscadail bhreise i gcomhairle leis An Garda Síochána.<br>(iii) Acmhainní sannta ag an Seirbhís Phromhaidh agus oifigigh i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do na Cúirteanna chomh luath agus is féidir. | (i) Cóiríocht fheabhsaithe le haghaidh ciontóirí an aosa óig a éascóidh a gcuid athshlánúchán.<br>(ii) Leathnú ar Thionscadail na nGardaí um Atreorú na nÓg go ceantair ina bhfuil gá leo.<br>(iii) Tuilleadh úsáid de smachtbhannaí pobal-bhunaithe ag na Cúirteanna. |

Leanfaidh nuachóiriú agus leasuithe ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS) trí bhonneagar fisiceach, nósanna imeachta agus próisis oibre a fheabhsú. Tá clár caipitil mór ag dul chun cinn agus mar thoradh air beidh athsholáthar beagnach 40% de bhonneagar fisiceach an phríosúin lena n-áirítear tógáil phríosúin nua úrscothacha ag Halla Thornton (chun dul in áit Phríosún Mhuinseo), agus i gCúige Mumhan. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh i gcomhthéacs forbartha an dá saoráid príosúin nua seo. Tá forbairt ar shaoráidí príosúin nua-aimseartha mar chuid intreach de bhainistíocht éifeachtach, athshlánúchán agus aire dár daonra príosúin.

Déanfaimid cinnte go ndéantar measúnú ar riachtanais athshlánúcháin na bpríosúnach ag iontráil sa phríosún agus go bhfuil clár athshlánúcháin. oiriúnach ar fáil chun díriú ar a riachtanais. Cuimseoidh cláir mar sin obair, comhairleoireacht, seirbhísí sláinte agus modúil oideachais chomh maith le cláir bunaithe ar choir. Cuimsíonn athshlánú príosúnaigh ionchur iltoiseach suntasach ag réimse leathan seirbhísí ginearálta agus speisialaithe arna sholáthar ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus seirbhísí reachtúla agus neamh-reachtúla eile. Ina measc seo tá seirbhísí sláinte, síciatracha, síceolaíocha, oideachais, gairme, comhairleoireachta, leasa agus spioradálta.

Ina theannta, tá forbairt Bainistíocht Phianbhreithe Comhtháite (ISM) mar thiomantas fadseasmhach ag an IPS agus tá píolótú á dhéanamh anois air i ndá phríosún i gceantar Bhaile Átha Cliath, Wheatfield, agus Cnoc an Arbhair.

Leanann an IPS ar aghaidh ag obair i dtreo na tiomantais atá iniata ina Pholasaí agus Straitéis Drugaí, dar teideal Keeping Drugs Out of Prisons, a seoladh i 2006. Chun obair i dtreo na tiomantais seo a bhaint amach caithfear bearta diana a chuir i bhfeidhm chun cosc a chur ar dhrugaí ó theacht isteach sna príosúin agus, ag an am céanna, leanúint ar aghaidh ag infheistíocht i seirbhísí laistigh de phríosúin chun an éileamh ar dhrugaí aindleathacha i measc daonra an phríosúin a laghdú chomh maith le buaileadh le riachtanais cóireála agus athshlánaithe na bpríosúnach. Leathnóimid bearta chun go mbeidh príosúin saor ó dhrugaí lena n-áirítear cosc ar theagmháil fhisiceach le príosúnaigh, tástálacha drugaí ar theacht chun an phríosúin dóibh (agus go rialta ina dhiaidh sin) le pionóis chuí agus pionóis diana dóibh siúd a ngníomhaíonn mar bhealaí isteach do dhrugaí.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| (i) A chinntiú go gcomhlíonann forbairt na bpríosún nua le Acht na bPríosún 2007.<br>(ii) Forbairt agus chuir i ngniomh ar Bhainistíocht Phianbhreithe Comhtháite (ISM).<br>(iii) Dul chun cinn leanúnach i dtreo deireadh a chuir le húsáid drugaí laistigh de phríosúin. | (i) Cloí le riachtanais uile na reachtaíochta.<br>(ii) Rolladh amach ar an gcóras ISM chuig gach príosúnach le pianbhreith de 1 bhliain nó níos mó.<br>(iii) Forfheidhmiú modhanna cóireála agus aimsithe drugaí nua-aimseartha. | (i) Forbairt ar phríosúin nua ag dul chun cinn de réir an sceidil.<br>(ii) 20% de príosúnaigh le pianbhreith de 1 bhliain nó níos mó tairiscint de rannpháirtíocht ar ISM<br><br>(iii) Ceapadh Comhairleoirí Andúile i ngach príosún (seachas Cnoc an Arbhair).<br>(iv) Tástáil Drugaí Éigeantach a thabhairt isteach i ngach príosún.<br>(v) Aonad Gadhar le haghaidh Aimsiú Drugaí a bhunú i ngach príosún dúnta. | (i) Príosúin tógtha in am.<br>(ii) Cláir athshlánaithe éifeachtacha agus phlean bainistiú pianbhreithe aonair i láthair sna príosún rannpháirtíocht..<br>(iii) Laghdú ar úsáid drugaí i bpríosúin. |

Tá soláthar treorach polasaí don Seirbhís Phromhaidh agus monatóireacht ar a cuid feidhmíochta de réir cuspóirí polasaí comhaontaithe mar ghnéithe de ról na Roinne chomh maith. Is í an tSeirbhís an phríomh-ghníomhaireacht i mbainistiú agus measúnacht na gciontóirí inár bpobail agus tá ról ríthábhachtach aici i gcur chuige an Rialtais i leith bainistiú na gciontóirí. Ullmhaíonn an tSeirbhís Phromhaidh tuarascálacha ar mheastóireacht agus mheasúnú priacail le haghaidh na Cúirteanna chun cuidiú le breithimh teacht ar phianbhreitheanna cuí agus ullmhaítear tuarascálacha don Bhord Parúil, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Roinn agus údaráis eile. Tá freagracht ag an Seirbhís Phromhaidh as ucht pleanáil, comhordú agus seachadadh smachtbhannaí pobail maoirsithe go héifeachtach agus bainistiú ardriosca agus ciontóirí dainséaracha lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol díobhála a dhéanamh agus athchiontú. Tá an fhreagracht ag an Seirbhís freisin, trí pháirtíochtaí éifeachtacha, le haghaidh athimeascadh na bpríosúnach isteach sa sochaí. Ag aon am ar leith, tá an tSeirbhís Phromhaidh ag maoirsiú agus/nó ag déanamh measúnú beagnach 9,000 ciontóir sa phobal lena n-áirítear ciontóirí atá faoi réir srianadh ghluaiseachta ó chúirteanna – cuid acu atá faoi bhun 18, príosúnaigh ar phianbhreith saoil, ciontóirí gnéis, agus príosúnaigh eile ar scaoileadh sealadach. Leanann nuachóiriú na Seirbhíse Phromhaidh le bunú struchtúr nua bainistíochta le seachadadh seirbhísí níos éifeachtaí mar aidhm. Thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo tá sé ar intinn againn leanúint ar aghaidh le forfheidhmiú forálacha Acht na Leanaí 2001, arna leasú, atá ábhartha don Seirbhís Phromhaidh agus cláir nua a fhorbairt le haghaidh leanaí atá ina gciontóirí agus áit is féidir spreagadh a dhéanamh ar úsáid smachtbhannaí éagsúla mar bhealach chun déileáil le leanaí os comhair na Cúirteanna.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Soláthróimid treoir pholasaí don Seirbhís Phromhaidh agus déanfar monatóireacht ar fheidhmiú na Seirbhíse faoi réir cuspóirí comhaontaithe. | (i) Athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim na Seirbhíse Pobail.<br>(ii) Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheabhsú Cláir na gCiontóirí Gnéis.<br>(iii) Forbairt a dhéanamh ar Chláir Dian-Mhaoirseachta pobal-bhunaithe mar fhreagairt ar chiontóirí ardriosca. | Sraith cuspóirí polasaí comhaontaithe don Seirbhís Phromhaidh agus leibhéal an dul chun cinn atá bainte amach ar a bhforfheidhmiú. | (i) Scéim na Seirbhíse Pobail feabhsaithe.<br>(ii) Cláir na gCiontóirí Gnéis feabhsaithe agus forbartha ar fáil.<br>(iii) Cláir dian-mhaoirseachta pobal-bhunaithe nua rollta amach go dtí na príomhcheantair a bhfuil gá leo agus laghdú in atitimeachas. |

Tá ár gCúirteanna atá neamhspleách go bunreachtúil mar bhuncharraig ar ár gcóras dlí. Is ea príomhfhócas na Roinne sa réimse seo ná a chinntiú go bhfuil gach feidhm atá ag Airí faoi Acht na gCúirteanna scaoilte go héifeachtach agus go gcuirtear gach cuspóir polasaí atá ag an Aire agus an Rialtas a bhaineann leis na cúirteanna chun cinn. Cuirfimid taca faoi sheachadadh seirbhíse trí Chóras na gCúirteanna atá ar ardchaighdeán trí acmhainní oiriúnacha a sholáthar le fócas ar leith ar rochtain a fheabhsú le haghaidh grúpaí leochaileacha, m.sh. dlí an teaghlaigh, chomh maith le a chinntiú, i gcomhréir riaradh an cheartais, go bhfuil luach ar airgead ón acmhainní ar sholáthar.
Tosaíochtaí eile is ea baint amach laghduithe suntasacha in amanna feithimh le haghaidh cásanna mar aon le hathchóiriú ar phróisis na gcostas dlíthiúla. Leanfaimid ar aghaidh ag maoiniú na Scéime Cúnaimh Dlí Coiriúil go himleoir ag cinntiú rochtain ar cheartas do chách.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Tabharfaimid tacaíocht do Sheirbhís na gCúirteanna maidir le seirbhís den scoth a sholáthar; ról an Institiúid um Staidéar Breithiúnach (JSI) a fheabhsú chun cúnamh a thabhairt d'fhorbairt phroifisiúnta na breithiúna agus próiseas nuachóirithe na gcúirteanna a chur chun cinn. | Acmhainní oiriúnacha a sholáthar; moltaí forbartha de choiste a bunaíodh chun breathnú ar Chúirt Ghinearálta Achomhairc; athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais breithiúnais, riaracháin agus acmhainní eile le haghaidh na Cúirte Dúiche agus obair go dlúth leis an mbreithiúnas i bhforbairt ról an JSI. | (i) Go leor maoiniú agus tacaíocht ag Seirbhís na gCúirteanna chun na tiomantais i leith an Phlean Straitéiseach a bhaint amach.<br>(ii) Chinntiú,i gcomhréir riaradh an cheartais, go bhfuil luach ar airgead ón acmhainní ar sholáthar.<br><br>(iii) Comhlánú athbhreithnithe agus aithint tuilleadh riachtanais forbartha.<br>(iii) Maoiniú fónta don JSI | (i) Laghdú ar mhoill, feabhas ar sheirbhísí, athchóiriú ar fhoirgnimh na gCúirteanna agus úsáid méadaithe na teiceolaíochta nua.<br>(ii) Córas na gCúirteanna freagrach as ucht riachtanais agus éilimh reatha agus go gcuirfear meicníocht struchtúrtha ar fáil do na Breithiúna le forbairt phroifisiúnta a cheadú. |

**Seirbhísí Ceartais Eile**

Feidhmíonn líon mhaith eagraíochtaí eile faoi choimirce na Roinne agus soláthraíonn siad seirbhísí rialála agus seirbhísí eile tábhachtacha faoi réir a gcuid sainchúraimí reachtaíochta ar leith. Fad agus a dhéanann na heagraíochtaí seo cleachtadh ar fheidhmeanna cinnteoireachta neamhspleácha, soláthraíonn an Roinn seirbhísí tacaíochta éagsúla dóibh, agus téann siad i ndlúth-theagmháil leo maidir lena gcuid riachtanais reachtaíochta, acmhainne agus forbartha eile.

Baineann réimse áirithe d'athchóiriú rialála atá á chur chun cinn ag an Roinn le hidirbhearta maoine. Cé go bhfuil formhór na n-idirbhearta maoine tréithrithe ag ardchaighdeán seirbhíse atá curtha i leith na caighdeáin phroifisiúnta atá forfheidhmithe agus cloíte acu siúd a oibríonn in earnáil na seirbhíse ceantálaithe agus maoine, ní féidir a shéanadh nárbh dearfach a bhí taithí roinnt tomhaltóirí de chuid na seirbhísí maoine seo le blianta beaga anuas.

Tá timpeallacht rialála slán á chur i bhfeidhm anois a chabhróidh chun muinín an phobail san earnáil a ardú ar son leas soláthraithe na seirbhísí maoine agus tomhaltóirí na seirbhísí sin araon. Bunófar Údarás Rialála na Seirbhísí Maoine faoi Bhille Údaráis Rialála na Seirbhísí Maoine atá dlite le bheith foilsithe i 2008. Tá bunú an Údaráis ar cheann de phríomh-mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe um Gníomhaireachtaí Eastáit/Ceantálaithe a bhunaigh an Rialtas i 2004 chun athbhreithniú a chomhlíonadh i leith gnéithe uile de ghairm na gceantálaithe in Éirinn agus moltaí a dhéanamh le haghaidh aon athruithe chun caighdeán ceart agus oiriúnach ceantálaithe, gníomhaireachtaí eastáit, ligin maoine agus seirbhísí bainistíochta maoine a chinntiú.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Bunóimid Údarás Náisiúnta Rialála na Seirbhísí Maoine (NPSRA). | Achtú na reachtaíochta agus soláthar tacaíochtaí forfheidhmithe agus bunaíochta riachtanacha. | NPSRA i bhfeidhm ar bhonn reachtúil agus feidhmeanna ceadúnaithe agus maoirseachta ag oibriú. | Cosaint tomhaltóirí feabhsaithe agus muinín i ndéileálacha le soláthraithe na seirbhísí maoine. |

Is féidir liosta iomlán d'eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais a fháil in Aguisín 2.

**SOLÁTHAR INIMIRCE AGUS SEIRBHÍSÍ COIBHNEASACHA**

**Cuireann an Roinn seo an-béim ar athchóiriú leanúnach ár ndlíthe inimirce agus córais feidhmiúcháin. Cuirfimid béim ar leith ar chur chuige sruthlíneach a fhorfheidhmiú chun líon méadaithe na n-imirceach dleathacha a éascú, ag luasghéarú próiseáil gnéithe uile na n-iarratas ar thearmainn agus soláthar a dhéanamh ar shocruithe glactha agus cóiríochta éifeachtúla.**

**Sprioc Ardleibhéil 3**

**Leanfaimid orainn ag forfheidhmiú tiomantais an Rialtais i ndáil le soláthar seirbhísí inimirce agus seirbhísí coibhneasacha, mar aon leis an mbonn reachtach sa réimse seo a thabhairt suas chun dáta nuair is gá.**

Tá athrú tobann tagtha ar Éire ó thír ina raibh eisimirce i réim go dtí ceann ina bhfuil inimirce i réim. Is léir ó Dhaonáireamh 2006 go bhfuil 10% den daonra neamh-Éireannach. Rathúnas geilleagrach is cúis leis an méadú sa ráta seo mar aon le haontachas na mBallstát nua san Aontas Eorpach. Sa chomhthéacs domhanda, is gné leanúnach agus thábhachtach é oll-imirce. Tá an daonra sa domhan forbartha ag aosú agus meastar go mbeidh gá le himirce amach anseo de dheasca seo agus chun fás geilleagrach a chothú.

Is léir gur gné shuntasach de shochaí na hÉireann a bheidh in inimirce agus go gcruthóidh sé dúshláin suntasacha do lucht déanta polasaí agus dóibh siad atá ag iarraidh an córas ríchasta seo a riaradh. I 2007, ba é 155,000 líon na Náisiúnach Neamh-LEE cláraithe le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB).

Seo a leanas na príomhphrionsabail de chuid polasaí inimirce:

- sábháilteacht agus sláinte an Stáit agus a chónaitheoirí a chothabháil agus an leas coiteann a chur chun cinn
- imirce a bhainistiú go hordúil ar mhaithe le freastal ar riachtanais gheilleagracha agus sóisialta an Stáit agus a chónaitheoirí
- cearta daonna a chosaint
- caidreamh idirnáisiúnta na hÉireann a chosaint agus a fhorbairt
- cóir fhabhrach na ndaoine a chinntiú
- caighdeáin réasúnta trédhearcachta a bhaint amach agus
- caighdeáin sásúla seirbhíse a sholáthar.

Leanfar ar aghaidh freisin le béim a leagadh ar oibleagáidí an Stáit i ndáil le dídeanaithe a chomhlíonadh faoi dhlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil ár bpróiseas cinnidh dídeanaithe ag déileáil go gasta agus go cothrom le hiarratais tearmainn gan bhunús.

Meastar go leanfaidh an t-éileamh ar víosaí ag méadú agus tá sí mar aidhm againn na hiarratais seo a phróiseáil ar bhealach éifeachtach, tráthúil agus géarchúiseach. Tá leasuithe suntasacha déanta ar an Seirbhís Víosaí le blianta beaga anuas agus tá sé beartaithe tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh thar thréimhse an Ráitis Straitéise.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| A chinntiú go gcuirtear seirbhísí inimirce agus coibhneasacha ar fáil go héifeachtúil agus go héifeachtach agus go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm le déileáil le hiarratais nár éirigh leo. | Aistear an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint a chríochnú agus tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Bhille. | An Bille achtaithe agus curtha i bhfeidhm go hiomlán trí chreatlach nua eagraíochta agus nós imeachta a fhorbairt. | Imirce á bainistiú go héifeachtúil/go héifeachtach agus seachadadh feabhsaithe na seirbhísí inimirce agus coibhneasacha. |

Foilsíodh an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint 2008 ar an 24 Eanáir 2008. Mar chuid den Bhille leagtar amach creat reachtach do bhainistiú imirce isteach chuig Éire. Is éard atá ann i bhfoirm chóid simplí, forálacha cuimsitheacha reachtacha do víosaí, iontráil chuig an Stát, ceadanna agus cosaint chónaithe mar aon le forálacha sruthlínithe chun náisiúnaigh coigríche atá sa Stát go haindleathach a aistriú in ionad an phróisis díbeartha reatha.

Tá mórphróiseas bainistíocht athruithe ar siúl ag Seirbhís Éadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) mar chuid dá pleananna do na blianta atá amach romhainn. Tá an próiseas seo dírithe go háirithe ar a chinntiú gur féidir an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint a chur i bhfeidhm go

héifeachtach chomh luath agus atá sé achtaithe, go seachadtar mórthionscadail TF agus go bhfeabhsaítear soláthar seirbhíse san eagraíocht trí chéile.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cinnteoimid go bhforbrófar socruithe an Stáit i ndáil le himirce, tearmann agus saincheisteanna polasaí coibhneasacha agus go gcuirtear i láthair iad i gcomhar lenár gcomhpháirtithe san AE, i gComhairle na hEorpa agus i measc grúpaí ábhartha idirnáisiúnta. | Rannpháirtíocht ghníomhach in obair an AE, Chomhairle na hEorpa agus grúpaí ábhartha idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le saincheisteanna polasaí tearmainn, inimirce agus ábhair eile a fhorbairt. | (i) Polasaí Stáit maidir le himirce, tearmann agus polasaí coibhneasach a dtugtar léargas orthu in imeachtaí na bhfóram ábhartha idirnáisiúnta.<br>(ii) Freastal ar agus rannpháirtíocht sna Meithleacha Oibre cuí. | Leasuithe polasaí agus dlíthiúla ag leibhéal AE agus leibhéil idirnáisiúnta eile a thugann léargas ar ábhair imní an Stáit agus ar féidir a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar leibhéal náisiúnta. |

Thar shaolré an Ráitis Straitéise leanfaimid orainn le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár reachtaíocht a bhaineann le hinimirce, cosaint agus saoránacht.

Níos mó comhoibriú a chruthú idir an Roinn agus Ranna cuí eile cosúil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus í mar aidhm comhordú feabhsaithe a bhaint amach agus polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le himircigh a nascadh.

Ar an taobh idirnáisiúnta de, leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe AE trí pholasaí inimirce agus tearmainn a chruthú agus trí eolas a roinnt. Príomhghné den chomhoibriú seo é cur i bhfeidhm Chlár na Háige – Neartú Saoirse, Slándála agus Ceartais san Aontas Eorpach – clár ina bhfuil creatlach pholasaí chun déileáil leis na saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an réimse inimirce agus tearmainn. I measc na gcolún tábhachtach sa réimse seo tá tionscnaimh i réimse na himirce dlíthiúla, na himirce neamhdhlíthiúla agus an phróisis tearmainn choiteann.

Rinne staitisticí imirce agus tuairisceáin daonáirimh gannmheas ar an líon náisiúnach coigríche sa Stát. Tá daonra suntasach imirceach neamhdhlíthiúil ag gach geilleagar rathúil agus ní mór dúinn a admháil gur amhlaidh an cás in Éirinn freisin. Ní fios go díreach cén leibhéal imirce neamhdhlíthiúil atá sa tír seo agus tá sé ridheacair an leibhéal seo a mheas de bhrí nach bhfuil rialúcháin fágála i bhfeidhm in Éirinn i láthair na huaire agus go bhfuil comhlimistéar taistil ag Éire leis an Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, is ardtosaíocht faoi láthair í déileáil le himirce neamhdhlíthiúil. Ní mór leas a bhaint as cur chuige nasctha idirghníomhaireachta chuige seo. Is saincheist tábhachtach atá ann freisin ar leibhéal an AE agus ghlac Éire páirt in oibríochtaí comhoibritheacha ó 2007 i leith faoi choimirce na Gníomhaireachta Eorpaí chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (FRONTEX).

Tá neart oibre déanta faoin tráth seo ar roinnt mórthionscadal TF atá dírithe go háirithe ar sholáthar seirbhís níos fearr do chustaiméirí, slándáil náisiúnta a chosaint agus teorainneacha a chosaint:

- Tá córas comhtháite nua leictreonach méarloirg (AFIS) forbartha ag tulstaid a bhfuil feidhmiúlacht ann méarloirg náisiúnaigh neamh-LEE a fháil (nuair a chláraíonn siad le GNIB agus ag calafoirt iontrála) agus iarrthóirí tearmainn á dhéanamh iarratais ar thearmainn agus beidh se críochnaithe i 2009. Cuireadh an chéad chéim den Tionscadal i bhfeidhm ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2007 agus an dara chéim a bhaineann le méarloirgaireacht de náisiúnaigh neamh-LEE nuair a bheartaíonn siad le GNIB thosaigh imscaradh i Lúnasa 2008. Bheidh imscaradh an gcóras lena n-áiritear foráil chun úsáid de méarlorg beidh an GNIB in ann úsáid a bhaint as gléasanna soghluaiste gabhála méarloirg agus córais mhear-aitheantas ag calafoirt iontrála. Tógfar an córas ionas go mbeidh comh-inoibritheacht le córais eile – córais intíre agus córais idirnáisiúnta – indéanta, mar is gá.

- Tá córas nua bainistithe cáis á fhorbairt do Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) – tionscadal dar teideal AISIP – agus cabhróidh sé seo le héifeachtúlacht feabhsaithe i mbainistiú na n-iarratas mar aon le soláthar feabhsaithe seirbhíse do chustaiméirí. San áireamh

sa chóras nua TF do INIS beidh córas comhtháite bainistithe cáis agus staitisticí, córas bainistíochta cóiríochta d'iarrthóirí tearmainn, córas rianaithe comhad agus córas faisnéise faoi thír bhunaidh. Táthar ag súil go mbeidh an córas i bhfeidhm i rith 2010.

- Tá an gcóras ríomhairithe nua do víosaí ar a dtugtar AVATS (Córas Uathoibrithe Feidhmiúcháin agus Rianaithe Víosaí) faoi láthair á imlonnú de réir a chéile go dtí na Ambasáidí na hÉireann agus na Consalachtaí Ginearál ar fud an domhain. Cuireann sé ar fhail an córas caighdeánaithe ceana agus próiseas chun cinntiú rianú agus taifeadadh comhsheasmhach de le hiarratais víosa ó Éire agus go mbeidh rian iomlán iniúchta ann den phróiseas iarratais víosa agus léireofar freagracht leis an bpróiseas. Lena chois sin, beidh d'acmhainn ag an gcóras sonraí bithmhéadracha a phróiseáil freisin, más gá.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Mórthionscadail TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Forbairt/imscaradh de chuid AFIS: AISIP agus AVATS (Córas Uathoibrithe Feidhmiúcháin agus Rianaithe Víosaí) | Feidhmiú leanúnach córas agus an plean TF curtha i bhfeidhm go hiomlán. | Soláthar seirbhíse feabhsaithe do chustaiméirí. Cosaint slándála feabhsaithe teorainneacha agus náisiúnta. |

Is í príomhaidhm fáiltithe an Áisinéacht Fháilte agus Comhtháite (RIA) cóiríocht agus seirbhísí coimhdeacha faoi chóras an tSoláthair Dhírigh d'iarrthóirí tearmainn. Den chuid is mó, is córas gan airgead é seo trína nglacann an Stát freagracht as ucht cóiríocht fheiliúnach a sholáthar – cóiríocht le trí bhéile in aghaidh an lae

Bhí an feidhm an comhtháthú sannta don Oifig an Aire um Chomhtháthú i Iúil 2007

Eagraíocht éileamh-dhírithe í RIA rud a chiallaíonn nach mó a punann cóiríochta a chur in oiriúint don líon iarrthóirí tearmainn atá ag teacht isteach sa Stát. Idir Meitheamh 2005 agus Meitheamh 2006 dúnadh roinnt ionad, de bharr Scéim na Leanaí Éireannacha 2005 a thug cead do líon suntasach cónaitheoirí RIA fanacht sa Stát. Ó shin i leith, tá cead á thabhairt do líon níos mó daoine fanacht sa tír.

Mar chuid dá chúram ilghníomhaireachta, leanfaidh RIA ar aghaidh ag cinntiú go bhfreastalaíonn leanaí atá ag lorg tearmainn ar scoileanna áitiúla; go gcuirtear Polasaí Cosanta Leanaí RIA i bhfeidhm; go gcuirtear tús le Criathrú na nGardaí, ar fhostaithe ionaid ar dtús agus go mbíonn idirchaidreamh leanúnach le soláthraithe Seirbhíse Sláinte d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais sláinte ár gcónaitheoirí. Ina theannta sin, cinnteoidh RIA go gcomhlánaíonn an Chomhairle Athbhreithnithe ar Rialacha Baile agus Nósanna Imeachta a tasc i 2008 agus go gcuirtear moltaí na Comhairle i bhfeidhm.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cinnteoimid go gcloíonn an Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh a sainchúram chun cóiríocht a sholáthar d'iarrthóirí tearmainn faoin gcóras Soláthair Dhírigh agus go gcomhlíontar feidhmeanna ilghníomhaireachta i ndáil le Sláinte agus Oideachas s.rl. | Cóiríocht fheiliúnach a sholáthar d'iarrthóirí tearmainn agus seirbhísí sláinte, oideachais, leasa agus cosaint leanaí dár gcónaitheoirí inár n-ionaid a chomhordú | Cuirtear cóiríocht ar fáil d'iarrthóirí tearmainn in ionaid Soláthair Dhírigh agus cruthaítear teagmháil leis na seirbhísí cuí Stáit. | Freastalaítear ar riachtanais ábhair na n-iarrthóirí tearmainn in ionaid RIA agus comhordaítear seirbhísí Stáit chuig an gcóhort seo ar aon dul le polasaí Soláthair Dhírigh an Rialtais. |

**SPREAGADH AR SHOCHAÍ CHOMHBHÁCH, CHOMHTHÁITE AGUS CHOTHROMASACH**

**Tá an Roinn agus na heagraíochtaí Ceartais freagrach as ucht tacú le cláir a bhfuil sí mar aidhm leo sochaí níos comhbháiche a fhorbairt – sochaí ina bhforbraítear agus ina gcothaítear comhionannas deiseanna. Déileálann an Roinn le ceisteanna comhionannais, idirdhealaithe agus éagsúlachta i dtéarmaí inscne, ciníochais, míchumais agus réimsí eile nach mór aird a dhíriú orthu, chomh maith le cinntiú go dtacaítear le hinimircigh cónaitheacha dlíthiúla a bheith páirteach i sochaí na hÉireann.**

**Sprioc Ardleibhéil 4:**

**Tacóimid le forbairt sochaí comhbhách agus cothromasach agus comhordóimid, tacóimid agus éascóimid comhtháthú inimirceach cónaitheach dlíthiúil i sochaí na hÉireann trí na polasaithe cuí a chur i bhfeidhm.**

Spreagann agus tacaíonn an Roinn le cláir a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn faoi gach naoi cúis: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Leanfaimid orainn ag dul i ngleic le hidirdhealú fostaíochta, seirbhísí agus idirdhealú i réimsí eile, trí Acht Míchumais 2005 a chur i bhfeidhm, Straitéis Náisiúnta Míchumais, Straitéis Náisiúnta na mBan agus polasaithe frithchiníochais. Chuir an Roinn go mór leis an mbéim a leagann sí ar Chuimsiú Sóisialta agus trí gealltanais i straitéisí ar nós I dTreo 2016, Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, an Straitéis Náisiúnta Míchumais, Straitéis Náisiúnta na mBan 2007 – 2016, An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta, agus an Creatlach Náisiúnta Straitéiseach Tagartha.

Chomh maith leis sin, tacóidh an Roinn leis an Oifig um Míchumas agus Meabhairshláinte. Tacaíonn an Oifig seo leis an Aire Stáit um Míchumas agus Meabhairshláinte, Oifig ag a bhfuil freagrachtaí leathana i Ranna éagsúla, an Roinn seo san áireamh.

Chomh maith leis sin, leanfar le comhairle agus treoirlínte a thabhairt do Ranna Rialtais eile maidir lena dtiomantais chomhtháthaithe. Is ardán soiléir agus éifeachtach í Oifig an Aire um Chomhtháthú chun an clár oibre comhtháthaithe a chur chun cinn agus cur le saineolas na Gníomhaireachta um Fháiltiú agus Imeascadh.

**Dlí Comhionannais**

Leanfar an Roinn athbhreithniú ar fhorálacha na reachtaíochta reatha comhionannais de réir mar is gá, i gcomhthéacs forbairtí ag leibhéal náisiúnta, idirnáisiúnta agus AE. Ag leibhéal náisiúnta beidh an Roinn ag díriú ar dea-chleachtas i ndáil sna naoi bhforas, go háirithe i ndáil le rochtain ar fostaíocht. Ar leibhéal AE rachaidh an Roinn i dteagmháil faoi moltaí an gCoimisiún fadaigh dlí an AE sna réimsí in aghaidh idirdhealú agus cothromaíocht oibre is saol.

Déanfaidh an Roinn tuilleadh breathnú ar ról, struchtúr, feidhm agus cistiú na comhlachtaí comhionannas agus cearta daonra, lena n-áirítear an scóip i gcoir atheagrú agus cónascadh d'fhonn seachadadh na seirbhísí níos éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a sholáthar don phobal.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Déanfaidh muid daingean seachadadh na seirbhísí sna réimsí comhionannas agus cearta daonra níos éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a sholáthar don phobal. | (i) Athbhreithniú ar ról, struchtúr, feidhm agus cistiú na comhlachtaí comhionannas agus cearta daonra.<br>(ii) Chur i bhfeidhm toradh an athbhreithniú | Athbhreithniú críochnaithe faoi dheireadh 2008. | Moltaí i gcoir reachtaíochta leasuithe. |

I gcomhthéacs Chlár an Rialtais – I dTreo 2016 – agus forbairtí ar leibhéal AE, oibreoidh an Roinn leis na comhpháirtithe sóisialta agus comhpháirtithe ábhartha Rialtas chun cleachtais oibre a oireann don teaghlach a chur chun cinn, go háirithe tríd an tréimhse saoire mháithreachais a mhéadú, freagrachtaí tuismitheoireachta a roinnt trí scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le teidlíocht reachtúil ar shaoire atharthachta agus saoire thuismitheoirí a roinnt.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Oibreoimid leis na comhpháirtithe sóisialta chun cleachtais oibre a oireann don teaghlach a chur chun cinn, scrúdóimid an fhéidearthacht a bhaineann le tús a chur le saoire | (i) Tionchar a imirt ar fhorbairt polasaí oibre-saoil ar leibhéal AE trí chomhbheartú leis na comhpháirtithe sóisialta.<br>(ii) Scrúdú a dhéanamh ar | Athbhreithniú críochnaithe faoi dheireadh 2008. | Machnamh a dhéanamh ar an seasamh i ndáil le saoire atharthachta / saoire roinnte atharthachta agus an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| reachtúil atharthachta le pá/comhshaoire atharthachta agus leanfaimid ag obair ar theidlíochtaí saoire mháithreachais a fheabhsú (mar atá i mBuiséad 2006), trí athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar saoire mháithreachais / thuismitheoireachta faoi dheireadh 2008 | shaoire atharthachta/saoire roinnte atharthachta agus socrú a dhéanamh tabhairt faoi athbhreithniú ar theidlíochtaí/scrúdú saoire, le comhpháirtithe sóisialta eile agus Ranna Rialtais ábhartha. | | bonn reachtúil comhionannais a fheabhsú. |

**Comhionannas Inscne**

Cé go dtacaíonn neart reachtaíochta le comhionannas inscne agus go bhfuil méadú suntasach tagtha ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh fostaíochta le deich mbliana anuas, tá bearna íocaíochta 10% inscne ann tá fianaise ann is lú seans go bhfaighidh mná na poist is sinsearaí déanta cinntí i bhfiontar nó sa timpeallacht oibre stáit i gcoitinne. Lena chois sin, tá mná fós i mbaol bochtaineacht seasta i gcomparáid lena gcuntrapháirtithe fireanna, mar thuismitheoirí aonair agus arís le linn seanaoise.

Foilsíodh Straitéis Náisiúnta na mBan 2007 – 2016 in Aibreán 2007 ar mhaithe le freagairt "an Rialtais uile" a thabhairt i bhfoirm 200 gníomhaíocht, roinnt mhaith díobh a ghlacfaidh le comhionannas feabhsaithe idir fhir agus mná. Cuireadh an cháipéis seo le chéile bunaithe ar éileamh na gcomhpháirtithe sóisialta in Éirinn dá leithéid de Straitéis. Is í atá mar aidhm leis an straitéis trasrannach seo ná cothromaíocht a bhaint amach i stádas socheacnamaíoch na mban, leas na mban a chinntiú agus deis a thabhairt dóibh a bheith páirteach i ndéanamh cinntí sa tsochaí stáit. Tá an chuir i bhfeidhm á mhaoirsiú ag Coiste Monatóireachta lena n-áirítear íondaí ón Rialtais, Ghíomhaireachtaí Stáit, agus na gcomhpháirtithe sóisialta.

Ta Beart Comhionannais na mBan 2008-2013 nua á chur i bhfeidhm freisin. Clár gníomhaíochtaí dearfacha ar mhaith le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna a chothú idir fhir agus mná. Tá sé á chistiú go páirteach ag Ciste Sóisialta na hEorpa faoin HCIOP agus ag cur leis an taithí agus toradh an Beart Comhionannais na mBan 2000-2007. Beidh an Beart nua ag tacú na mBan ag iontráil an margadh fostaíochta arís, an cur ar aghaidh de ban sa margadh fostaíochta cheana féin, ban fiontraí agus cur ar aghaidh ban ag déanamh cinneadh.

Cruthaítear nasc idir cúspoir na Straitéis Náisiúnta na mBan agus polasaí comhionannas inscne na hÉireann le ploasaí an Aontais Eorpaigh fás geilleagrach agus cuimsiú sóisialta a chothú le moltaí na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa ar chur chun cinn na mban. Dá réir sin tá comhpháirt bunúsach idirnáisiúnta dár obair maidir le comhionannas inscne. Lena n-áirítear ullmhúchán tuarascáil tréimhsiúil ar dul chun cinn na hÉireann ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiún um Dhíchur Idirdhealú i aghaidh na mBan.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta na mBan 2007–2016 | Dul chun cinn a thomhas bunaithe ar na príomhchuspóirí atá le fáil sa Straitéis, monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail do na geallsealbhóirí éagsúla | Tuarascálacha Bliantúla bunaithe ar chur i bhfeidhm na Straitéise le foilsiú. | *Closing of the gaps in data in "Women and Men in Ireland"* foilsithe go bliantúil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh |

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Forbairt an Beart Comhionannais na mBan 2007-2013. | Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm clár gníomhaíochtaí dearfacha | Tá sainmhíniú ar tháscairí feidhmíochta na gclár uile le fáil sa HCIOP | Deiseanna níos fearr do rannpháirtithe i gcláir agus deireadh a chur leis na bearnaí inscne. |
| | | | |

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| An próiseas príomhshruthaithe inscne a neartú nuair a bhíonn polasaí á gcur le chéile i Státseirbhís na hÉireann. | Spreagadh a thabhairt do lucht déanta polasaí aitheantas a thabhairt do phríomhshruthú | Polasaithe comhionannas inscne mar fócas ar phríomh doiciméad sóisialta agus eacnamaíochata | Polasaithe impleachta inscne le meas ag na Ranna ar fad. |

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Cur i bhfeidhm moltaí an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe a mhaoirsiú/a chothú (An Coimisiún um Stádas na mBan, Ardán Bhéising um Ghníomhaíocht agus an Coinbhinsiún um Dhíchur Idirdhealú in aghaidh na mBan). | Ardú tuiscint i measc Rann Rialtais, agus Gníomhaireachtaí Stáit faoi pholasí ó gníomhaíocht idir náisiúnta. | Gníomhaíochtaí Rann Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus an tsochaí stáit – gníomhaíochtaí aitheanta ag Ionad Shioracús agus ag Comhairle na hEorpa. | Cur i gcrích i Éireann na phríomh cuspóir ón polasaí idirnáisiúnta ar comhionannas inscne. |

## Daoine le mhíchumas

I ndáil le polasaí míchumais go ginearálta, beidh an Roinn dírithe ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur i bhfeidhm as seo go ceann trí bliana, go háirithe Acht Míchumais 2005 a chur i bhfeidhm. Tá an creatlach pholasaí leagtha amach sa straitéis, I dTreo 2016 agus bunaithe ar ár dtiomantais idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún an AE ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, an Coinbhinsiún na Háige ( síniú I Éireann 18 Mean Fhómhair 2008) mar aon le Plean Gníomhaíochta Míchumas Chomhairle na hEorpa 2006-2015. Bhí Éire i measc ceann de na chéad tíortha le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a shíniú ar an 30 Márta 2007 agus tá Coiste Idir-Rannach Feidhmiúcháin ceaptha ag an Rialtas chun clár athruithe a bhrú chun cinn - clár a cheadóidh d'Éire an Coinbhinsiún a dhaingniú. Leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, an ról atá acu ná chun comhairle a thabhairt don Rialtas faoi shaincheisteanna a bhaineann le polasaí agus cleachtas míchumais.

Lena chois sin, áireoidh an Roinn an tionchar atá ag polasaí substainteach agus ag tograí seirbhíse a chuireann an Rialtas ar fáil ar dhaoine faoi mhíchumas. Cabhróidh an Roinn chun an cuspóir seo a bhaint amach trí threoracha a fhorbairt chun meabhráin Comh-Aireachta a scrúdú ar mhaithe le saincheisteanna míchumais a aithint – meabhráin ar féidir leis na Ranna ar fad a úsáid.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| Glacfaimid páirt iomlán i gcur chuige an Rialtais chun an chreatlach dhlí a theastaíonn le tacú le rannpháirtíocht chothrom daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a chinntiú. | Ról ceannaireachta a ghlacadh i ndáil le (i) cur i bhfeidhm an Achta Míchumais, (ii) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm mar aon le reachtaíocht cumas meabhrach agus (iii) leanúint le scéimeanna a mhaoiniú agus cur leis an tuiscint atá ag daoine ar mhíchumas agus ceisteanna inrochtana; áirítear tionscadail maoinithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta anseo freisin. | (i) Cuirfear an tAcht Míchumais i bhfeidhm go leanúnach agus déanfar athbhreithniú air faoi dheireadh 2010.<br>(ii) Cuirfear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus Coinbhinsiún na Háige i bhfeidhm agus daingneofar é le linn shaolré na Straitéise seo.<br>(iii) Déanfar monatóireacht leanúnach ar mhaoiniú agus ar scéimeanna a bhaineann le cur le tuiscint daoine. | Feabhas a chur ar an tacaíocht atá ar fáil do rannpháirtíocht chothrom daoine faoi mhíchumas sa tsochaí. |

## Ag Tacú an Lucht Siúil

Tá ról comhordúcháin ag an Roinn i ndáil le polasaí don Lucht Siúil. Tá an-bhaint ag an Roinn le hobair an Grúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil, atá freagrach don Choiste Comh-Aireachta ar Chuimsiú Sóisialta. Ina theannta sin, tá dlúthbhaint aige le hobair Choiste Náisiúnta

Monatóireachta agus Comhairleach an Lucht Siúil (NTMAC) – coiste neamhspleách a fheidhmíonn mar fhóram do na geallsealbhóirí cuí.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Leánóimid ag tacú le cur chuige comhtháite chun níos mó a bhaint amach don Lucht Siúil | Leaniúnt le bearta chun seachadadh seirbhíse níos comhtháite a fhorbairt agus cumarsáid dhearfach a chruthú idir an Lucht Siúil, gníomhaireachtaí stáit agus an pobal trí chéile, lena n-áirítear chur chuige réiteach coinbhleachta | Bearta agus cláir níos éifeachtaí agus níos praiticiúla a fhorbair níos mó, ag obair i gcomhar le Ranna, gníomhaireachtaí agus Ionadaithe don Lucht Siúil. | Níos mó úsáide á baint ag an Lucht Siúil as príomhsheirbhísí tacaíochta agus níos mó cumarsáide agus rannpháirtíochta sa phobal trí chéile. |

**Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais**

Tá ceann de na cóid frithchiníochais is cuimsithí san Eoraip againn in Éirinn agus tá treoir straitéiseach le dul i ngleic le ciníochas agus sochaí níos uilechuimsithí agus níos idirchultúrtha a fhorbairt le fáil sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (NPAR). Tá an Plean bunaithe ar thiomantas do chuimsiú agus ní mar ghné bhreise nó athsmaoineamh agus tá sé dírithe ar chúig chuspóir – rannpháirtíocht, cuimsiú, soláthar, aitheantas agus cosaint. Beidh an Plean i bhfeidhm go dtí 2008, dá bhrí sin, ní mór gur príomhchuspóir é athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean luath go maith i saolré an Ráitis Straitéise seo, d'fhonn eolas a sholáthar do pholasaithe a bheidh ann amach anseo.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Athbhreithniú ar an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (NPAR) a dhéanamh ar mhaithe le polasaí a chuirfear le chéile amach anseo. | Criochnú an bhforbairt agus cur i bhfeidhm bearta comhaontaithe de réir na spriocanna agus amscálaí atá leagtha amach i NPAR. | Straitéisí idirchultúrtha a fhorbairt a leanúint i roinnt earnálacha m.sh. Oideachas, Sláinte, Ceartas, Ionad Oibre, Spóirt agus Ealaíona. | Straitéisí Idirchultúrtha agus pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm i raon leathan earnálacha ar mhaithe le sochaí níos comhtháite a chruthú. |

**Clár Oibre do Chomhtháthú**

Tacóidh an Roinn le hobair Oifig an Aire um Chomhtháthú ( OMI); oifig a bunaíodh le déanaí. Le cois polasaí náisiúnta comhtháthaithe a fhorbairt, bunóidh an Oifig nua struchtúir sonracha chun na príomhaidhmeanna comhordaithe agus cur chun cinn a bhaint amach ionas gur féidir leis an tseirbhís phoiblí trí chéile oibriú go héifeachtach i ndáil le cuspóirí comhtháthaithe a chomhlíonadh.

Tuigeann an tAire um Chomhtháthú nach mór polasaí comhtháthaithe a fhorbairt i gcomhar le réimse leathan geallsealbhóirí. Áireoidh sé seo struchtúir agus meicníochtaí nua d'fhonn a chinntiú go mbaineann ábharthacht leis an bpolasaí i gcás coinníollacha na hÉireann agus tá sé tábhachtach a chinntiú go mbaintear amach ardleibhéal úinéireachta an clár oibre do chomhtháthú agus comhiarrachta.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Forbróimid polasaí comhtháthaithe i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí. | Bunú struchtúr nua don chomhtháthú mar a leanas<br><br>**Coimisiún um Chomhtháthú**- chun soláthar polasaí comhairle, taighde a dheanamh agus eolas a thabhairt ar díospóireacht poiblí | Ráiteas Straitéise nua foilsiú<br><br>Tá struchtúir nua bunaithe agus ag feidhmiú go héifeachtach; tá aschuir shainithe á mbaint amach agus tá roghanna polasaí aitheanta agus measta. | Úinéireacht roinnte treoracha polasaí, comhairliúchán ar ardchaighdeán do gheallsealbhóirí agus eolas polasaí ó shaineolaí aitheanta agus inimircigh araon.<br><br>Rochtain ar thaithí idirnáisiúnta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Comhairle Aireachta d'Inimircigh -** chun seans a thabhairt d'imircigh caint leis an Aire iad féin faoi rudaí a bhaineann leo féin.<br><br>**Tascfhórsa um Chomhtháthú** – tar éis comhairliúchan leathan, aithne ar saincheisteanna/ dúshlán agus chum moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar rann pháirtíocht sibhialta, cultúir, sóisialta, eacnamúil ag imircigh | | |

Tá gnéithe leathana i gceist le comhtháthú a áiríonn raon leathan geallsealbhóirí agus seirbhísí. Teastaíonn bearta láidre comhordaithe ar leibhéal lárnach agus ar leibhéal áitiúil. Tá feidhm dhíreach ag Oifig an Aire um Chomhtháthú i gcomhordú láir gníomhaíochtaí comhtháthaithe agus feidhmeoidh an Oifig ar mhaithe le struchtúir áitiúla agus pleanáil chuí a chur chun cinn. Tá straitéisí chur chuige leathan le cumas mór chun grúpa mór d'imircigh a bheith bainteach le tábhachtach freisin chun cabhrú le chur i bhfeidhm pleananna comhtháthú. Nil se ar intinn go mbeidh maoiniú OMI ag cuir in ionad acmhainní gaolmhara ar fáil ag leibhéal iárnach agus áitiúil.

Tá foireann ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar bhall den OMI a cabhraíonn leis an réimse de chomhtháthú a bheith comhordú go éifeachtúil. Bheidh caidreamh speisialta á dhéanamh lr Ranna eile, go h-áirithe i sláinte agus fostaíochta.

D'fhonn an méid agus is féidir a bhaint amach, díreoidh straitéisí comhtháthaithe ar na nithe seo a leanas:

- aithint agus forbairt polasaí
- comhordú éifeachtach ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun comhionannas seirbhísí a sheachadadh d'inimircigh i dtimpeallacht príomhshrutha
- comhairliúchán ardchaighdeáin i measc geallsealbhóirí éagsúla
- síolmhaoiniú ar mhaithe le comhtháthú straitéise a éascú
- príomhchláir a chur i bhfeidhm i bpríomhréimsí gníomhaíochtaí leathana agus
- straitéisí frithchiníochais agus gníomhaíochtaí bainistíochta éagsúlachta a chur chun cinn.
- Measúnacht agus luacháil go rialta de dearcadh phoiblí ar saincheisteanna chomhtháthú

Leanfaidh an OMI le polasaí chun gníomhaíochtaí a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh – gníomhaíochtaí a mbainfidh poitéinseal giarála leo chun comhtháthú daoine nua a chur chun cinn. Críochnófar staidéar straitéiseach agus áireofar iad sa straitéis iomlán a bhaineann leis an réimse comhtháthaithe. I gcomhar le príomhpháirtithe déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar na impleachtaí don staidéir i gcoir príomh réimse don straitéise lena n- áirítear oiliúint sa Bhéarla d'inimircigh fásta, maoiniú do ghrúpaí eitneacha agus tithíocht. Tá an tionscnamh chun sholáthar seirbhíse a fheabhsú d'imircigh aá athbhreithiú lena n-áirítear "one –stop- shop".

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí comhtháthaithe a chomhordú san earnáil seirbhíse phoiblí trí chéile leis na n-achmainní ar fháil | Obair an Ghrúpa Trasrannach ar chomhtháthú a bhrú chun cinn agus a chomhordú chun comhairle/treoirlínte a thabhairt do Ranna eile maidir lena dtiomantais chomhtháthaithe i gcomhthéacs pleanáil náisiúnta agus straitéiseach mar aon le pleanáil chomhtháthaithe a spreagadh ag leibhéal an údaráis áitiúil. | (i) Tiomantas soiléir a léiriú do chomhtháthú i bpleanáil agus seachadadh Rannach.<br>(ii) Comhairle/treoirlínte curtha ar fáil ag an OMI do Ranna agus pleananna comhtháthaithe údarás áitiúil foilsithe agus curtha i bhfeidhm. | Éifeachtacht níos fearr maidir le déileáil le saincheisteanna leathana Comhsheasmhacht i bpleanáil náisiúnta do chuspóirí comhtháthaithe, comhleanúnachas bainte amach ag leibhéal Roinne agus comhordaithe feabhsaithe ag an leibhéal áitiúil forfheidhmiúcháin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Soláthar síolmhaoiniú chun rann pháirtíocht a éascú d'imircigh i gcoir gach gné den sochaí le fócas speisialta on comhlachtaí spóirt, páirtí polaitiúil, grúpaí creideamh agus údarás áitiúil. | Scéimeanna nua maoiniú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Sochaí sibhialta eagraíochta agus údarás áitiúil a spreagadh chun cuspóir chomhtháthú a bhaint amach trí síolmhaoiniú. |

**SPREAGADH AR SHOCHAÍ SHLÁN AGUS SHÍOCHÁNTA**

**Príomhaidhm de chuid na Roinne é slándáil an Stáit a chinntiú trí bhearta agus trí pholasaithe oiriúnacha. Ina theannta sin, tá an Roinn tiomanta do thacú leis na hinstitiúidí cineachta i dTuaisceart Éireann.**

**Sprioc Ardleibhéil 5:**

**Leanfaimid orainn le sochaí shlán agus shíochánta a chur chun cinn trí raon leathan Seirbhísí Ceartais a sholáthar agus leanfaimid orainn ag tacú leis na hinstitiúidí cineachta rialachais áitiúil i dTuaisceart Éireann.**

Ceann de phríomhdhualgais an Stáit i ndáil lena phobal é sábháilteacht agus slándáil an phobail sin a chur chun cinn. Is í aidhm na Roinne an dualgas seo a chomhlíonadh trí pholasaithe agus bearta láidre a fhorbairt chun déileáil le bagairtí sceimhlitheoireachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Déanaimid iarracht ár sprioc a chomhlíonadh trí thacú leis an ngníomhaireacht phríomhúil – An Garda Síochána – trí leas a bhaint as reachtaíocht agus as acmhainní. Ina theannta sin, i dtéarmaí déileáil leis an mbagairt a bhaineann le sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, glacann an Roinn páirt i mbearta idirnáisiúnta comhoibrithe, i gcomhar leis an Aontas Eorpach, Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe.

Ábhar leanúnach imní é an bhagairt idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas Eorpach agus ar fhóraim idirnáisiúnta eile. Cé go mbaineann leibhéal éagsúil bagartha le Stáit éagsúla, éilíonn nádúr na bagartha idirchaidreamh dlúth agus leanúnach idir na húdaráis chuí slándála. Chuige seo, cuireadh le meicníochtaí reatha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla idirchaidrimh agus bunaíodh meicníochtaí nua, go háirithe faoi choimirce an Aontais Eorpaigh. Ghlac an AE le roinnt ionstraimí dlí a chur feidhm le Réitigh na Náisiún Aontaithe a fhorchuireann smachtbhannaí ar dhaoine agus ar aonáin a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta. Leanfaimid orainn ag obair ar mhaithe lena chinntiú go gcuirtear na hionstraimí seo i bhfeidhm. Lena chois sin, leanfaimid orainn lenár bpáirt san obair thábhachtach atá ar siúl ag Comhairle na hEorpa agus ag fóraim idirnáisiúnta eile in aghaidh na sceimhlitheoireachta.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cinnteoimid go gcuirfear na bearta idirnáisiúnta i gcoinne na ndaoine siúd a bhfuil baint acu/a bhfuil amhras go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus glacfaimid páirt agus cuirfimid le hidirbheartaíochtaí ar ionstraimí idirnáisiúnta le déileáil leis an mbagairt sceimhlitheoireachta. | (i) Tugtar liostaí smachtbhannaí AE do na gníomhaireachtaí ábhartha ar fad agus cuirtear in iúl má tá duine liostaithe ag cónaí sa Stát.<br>(ii) Cuirtear seasamh na hÉireann go héifeachtach. | Cuirtear gníomhaireachtaí cuí ar an eolas agus léirítear seasamh na hÉireann in ionstraimí idirnáisiúnta i gcoinne sceimhlitheoireachta. | Tionscnaítear an ghníomhaíocht chuí agus ceadaíonn an Rialtas agus an tOireachtas ionstraimí idirnáisiúnta nua i gcoinne sceimhlitheoireachta. |

Ceist thábhachtach choimhdeach a bhaineann le déileáil leis an mbagairt sceimhlitheoireachta an obair ullmhúcháin agus an phleanáil atá riachtanach le déileáil le héigeandáil bunaithe ar eachtra sceimhlitheoireachta. Baineann sé seo leis na Ranna agus Gníomhaireachtaí cuí Rialtais le linn dóibh a gcuid anailísí guaise, straitéisí maolaithe, pleanáil agus ullmhacht a chomhordú, mar aon le freagairt do agus teacht chucu féin i ndiaidh éigeandála. Tá an Roinn tiomanta dár mbainistíocht straitéiseach éigeandála a fheabhsú trí chur lenár dtreoir inmheánach agus ár gclár riosca corparáideach. Ina theannta sin, tá an Roinn ag tacú ar bhonn gníomhach leis An Garda Síochána agus le Cróinéirí i ndáil lena bhfreagrachtaí bainistíocht éigeandála a chomhlíonadh. Gné thábhachtach den obair seo é rannpháirtíocht leanúnach na Roinne leis an gCreatlach um Fhreagairt Chomhordaithe ar Éigeandálaí a chur i bhfeidhm – Creatlach a leagann amach, *inter alia*, na socruithe ionghníomhaireachta agus idirghníomhaireachta atá le cur i bhfeidhm mar fhreagairt ar riosca agus tarlú éigeandálaí.

I gcás na hÉireann, chinntigh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 gur raibh an Stát in ann páirt iomlán a ghlacadh san iarracht idirnáisiúnta frithsceimhlitheoireachta, agus cuiridh an Bille um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2005 leis na hiarrachtaí seo nuair a achtófar é.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cothóimid airdeall/cinnteoimid na freagairtí cuí ar aon bhagairt sceimhlitheoireachta ar an Stát / pobal idirnáisiúnta agus tacóimid le comhaontú / cur i bhfeidhm prótacail idir An Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann i ndáil le comhphleanáil tubaiste. | Dul i gcomhairle go rialta leis an Garda Síochána faoi cheisteanna slándála agus breathnú i ndiaidh comhshíniú prótacail ar chomhphleanáil tubaiste. | (i) Comhlíonadh le hoibleagáidí idirnáisiúnta.<br>(ii) Seisiún eolais thráthúil don Aire agus don Rialtas i ndáil le forbairtí a bhaineann le sceimhlitheoireacht.<br>(iii) Forálacha an phrótacail chomhshínithe a chur i bhfeidhm. | Cosaint bharrmhaith i gcoinne ionsaí sceimhlitheoireachta agus cionta a bhaineann le sceimhlitheoireacht agus freagairt feabhsaithe, chomhordaithe ar éigeandálaí a bhaineann leis an dá dhlínse. |

Lena chois sin, tá ról lárnach ag an Roinn, i gcomhar le Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, i gcur leis na hinstitiúidí daonlathacha i dTuaisceart Éireann.

Tá freagracht ar leith ar an Roinn as ucht díchoimisiúnú, comhrac paraimíleachtachais, déileáil le príosúnaigh agus ceisteanna slándála. Cé go bhfuil forbairtí dearfacha, leanúnacha ann i ndáil le díchoimisiúnú agus tiomantas do bhealaí daonlathacha, síochánta mar is léir ó thuarascálacha an Choimisiúin Neamhspleách Monatóireachta, tá grúpaí áirithe ann fós atá ag cruthú bagairt dháiríre agus leanúnach do shlándáil an Stáit.

Ardtosaíocht don Roinn go fóill é forfheidhmiú iomlán an Comhaontú Aoine an Chéasta, lena n-áirítear déabhlóidiú cumhachtaí póilíneachta agus ceartais do Thuaisceart Éireann. Deis é déabhlóidiú beartaithe cumhachtaí póilíneachta agus ceartais do Chomhthionól Thuaisceart Éireann comhoibriú níos doimhne agus níos leithne a chur i bhfeidhm ar raon ceisteanna ceartais idir Éire agus Tuaisceart Éireann, chun leasa phobal uile na hÉireann. Aidhm leanúnach de chuid na Roinne é an deis seo a thapú trí naisc chomhoibritheacha níos fearr a chruthú idir an dá sheirbhís póilíneachta agus na córais cheartais coiriúil. Is ar bhonn déthaobhach atá na naisc seo á gcur chun cinn, mar shampla trí Chomhaontuithe Idir-Rialtasacha ar Phóilíneacht agus Comhoibriú Ceartais Coiriúil, agus mar chuid de pholasaithe níos leithne Ceartais agus Gnóthaí Baile ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, tacaíonn an Roinn leis an gCoimisiún Neamhspleách um Ionad Iarsmaí Íobartach atá freagrach as eolas a fháil faoi ionad daoine atá imithe gan tásc gan tuairisc agus iarrachtaí na daoine seo a fháil agus don Choimisiún Cuimhneacháin a riarann na Scéime Aitheantais, Cuimhneacháin agus Cúnaimh d'íobartaigh i ndlínse na coinbhleachta i dTuaisceart Éireann.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíocht:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | Tuilleadh feabhsúchán i ndáil le hinstitiúidí cuntasacha déabhlóidithe a fhorbairt i dTuaisceart Éireann. |
|---|---|---|---|
| Déanfaimid tuilleadh forbartha i ndáil le tacú le hinstitiúidí déabhlóidithe i dTuaisceart Éireann. | Cothófar dlúth-theagmháil le Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus a na hoifigí cosúla i dTuaisceart Éireann.<br>Eolas agus comhairle a chur ar an Aire agus ar an Rialtas i ndáil le polasaí a fhoirmliú agus a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí. | Eolas a thabhairt don Aire agus don Rialtas maidir le ceisteanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann. | |

Leanfar le leas a bhaint as na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939-1998, arbh ionann iad agus gnéithe reachtúla seanbhunaithe an Stáit i gcoinne grúpaí treascracha, chun an bhagairt a chruthaíonn siad d'Éirinn agus do Stáit eile a throid.

**ATHCHÓIRIÚ DLÍ**

**Is ionann cuid suntasach d'aschur athchóiriú dlí na Roinne agus reachtaíocht curtha chun cinn ag an Roinn ar mhaithe le réimsí sonracha dlí coiriúil agus dlí sibhialta a leasú. Príomhthosaíochtaí de chuid na Roinne iad an clár um athchóiriú dlí atá le fáil i gClár Reachtaíochta an Rialtais, leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus córais feabhsaithe rialála a chur ar fáil nuair is gá.**

**Sprioc Ardleibhéil 6:**

**Leanfaimid orainn lenár ndlíthe a leasú – dlíthe coiriúla agus sibhialta – agus córais rialála feabhsaithe a sholáthar nuair is gá.**

Is ionann cuid shuntasach de chlár athchóiriú dlí na Roinne agus reachtaíocht curtha chun cinn ag an Roinn ar mhaithe le réimsí sonracha dlí coiriúil agus dlí sibhialta a leasú. Ní mór don Roinn monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bpróiseas reachtach chun leasuithe poitéinsiúla a d'fhéadfadh an Rialtas a mheas a aithint. Mar chuid den phróiseas seo, glacaimid páirt i dtaighde agus cuirimid chun cinn é, measaimid tuarascálacha nó aighneachtaí ó chomhlachtaí comhairleacha nó taighde, go háirithe an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, agus téimid i gcomhairle le grúpaí sainleasmhara ábhartha. Gné eile den obair seo é comhoibriú le Ranna Rialtais eile maidir le forbairt polasaí agus forfheidhmiú agus monatóireacht na reachtaíochta. Gné dhosheachanta is é nach mór an clár a athrú ó am go ham mar fhreagairt ar thosca athraitheacha agus éilimh nua. Mar shampla, uaireanta ciallaíonn comhoibriú sa réimsí dlí coiriúil agus sibhialta ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta go gcruthaítear oibleagáidí nua idirnáisiúnta is cúis le hatheagrú tosaíochtaí laistigh den chlár um athchóiriú dlí. Leanfaimid orainn ag déileáil leis na hoibleagáidí a bhaineann lenár gcomhaltas san AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. Chuige seo, leagfar béim faoi leith ar thionscnaimh atá ann i láthair na huaire agus tionscnaimh a bheidh ann amach anseo i gCoimisiún an AE i réimse an chomhoibrithe bhreithiúnaigh i gceisteanna reachtaíochta. Is í a bheidh mar aidhm againn i ndáil leis seo agus le ceisteanna an seasamh náisiúnta a léiriú ar bhealach eolasach agus struchtúrtha agus freagairt go tráthúil chun ionstraimí a thabhairt chun críche – trí reachtaíocht phríomhúil, reachtaíocht thánaisteach nó trí ghníomhaíocht riaracháin.

Príomhghné de na cláir um athchóiriú dlí í reachtaíocht a bhaineann le Cearta Daonna agus chuige seo tá an Roinn tiomanta do thacú leis an gCoimisiún um Chearta an Duine le cur ar a chumas a shainordú a chomhlíonadh agus forbróimid agus athbhreithneoimid an dlí áit ar cuí, chun ár n-oibleagáidí cearta daonna a chur san áireamh.

**Dlí Coiriúil**

Ní mór do leasú ar dhlí coiriúil féachaint do chothromaíocht a bhaint amach idir cearta daoine agus riachtanais na sochaí. Sainchúram leathan é seo a áireoidh gnéithe cosúil leo seo a leanas sna trí bliana amach romhainn

- soláthar chun fíneálacha agus ábhair choibhneasacha a nuashonrú agus a innéacsú
- an dlí a bhaineann le breabaireacht oifigeach poiblí eachtrach a neartú bunaithe ar mholtaí an OECD
- éilliú san earnáil phríobháideach a chomhrac
- Bunachar Sonraí DNA a bhunú
- soláthar chun réimse bearta molta ag an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Coiriúil atá deartha chun tabhairt faoi na ceisteanna d'imní d'íospairtigh na coire agus a chlann.
- reachtaíocht láithreach a leasú d'fhonn sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc
- feidhm a thabhairt do Chomhaontuithe agus Cinntí éagsúla AE agus idirnáisiúnta
- leanúint leis an códú an Dlí Coiriúil agus
- an dlí a bhaineann le dúnorgain chorparáideach a leasú agus a thabhairt suas chun dáta agus na moltaí atá le fáil i dTuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar Mharú Corparáideach a chur san áireamh.

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| An clár um athchóiriú dlí coiriúil i gClár Reachtach an Rialtais a thabhairt chun críche, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhlí coiriúil, cur le forbairt polasaí ar leibhéal AE agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile agus éifeacht a thabhairt do nithe a thagann chun cinn sa chomhthéacs sin. | Aistriú reachtaíocht phríomhúil agus, más cuí, reachtaíocht thánaisteach le linn na tréimhse oifige d'fhonn éifeacht a thabhairt do na tiomantais atá leagtha amach i gclár an Rialtais. | Seachadadh clár reachtach an Rialtais sa réimse dlí coiriúil -<br>(i) Billí a fhoilsiú agus freagracht a ghlacadh as achtú na mBillí sin.<br>(ii) Deireadh a chur le constaicí dlí ar chomhoibriú éifeachtach i mbrath agus ionchúiseamh daoine atá freagrach as coireacht agus sceimhlitheoireacht thrasnáisiúnta. | (i) An méid agus is féidir de Chlár Reachtach an Rialtais a achtú faoi 2010.<br>(ii) Reachtaíocht láidir i bhfeidhm le tacú leis an gcomhrac i gcoinne gach cineál coireachta. |

**Dlí Sibhialta**

Tá roinnt fachtóirí ann a chruthaíonn agus a mhúnlaíonn na tograí a bhaineann le dlí sibhialta a leasú. Ina measc seo tá an riachtanas a bhaineann leis an dlí a thabhairt suas chun dáta agus a shoiléiriú de réir mar a aithnítear agus a thugtar cosaint do chearta daoine, mar aon le cothromaíocht chuí cearta a bhaint amach idir daoine agus, áit ar cuí, cothromaíocht cheart idir cearta daoine agus riachtanais na sochaí. Áirítear leasú ar dhlí clúmhillte faoin gceannteideal seo. Fachtóir thábhachtach eile é an gá a bhaineann le dlí reachtach stádas dlí daoine a thabhairt suas chun dáta d'fhonn freagairt d'athruithe sochaíocha agus institiúideacha i réimsí cosúil le dlí náisiúnachta agus saoránachta, dlí inimirce agus dlí teaghlaigh. Áiríonn an clár um athchóiriú dlí sibhialta leasuithe a bhaineann le an bhreithiúnacht, riarachán agus dlínse cúirteanna agus an próiseas breithiúnach agus dlí ar bhonn leanúnach, mar shampla Bille Breithiúnach na Comhairle. Ina theannta sin, áiríonn an clár reatha rialú na gcostas, bunaíocht ombudsman seirbhísí dlí agus an leasaithe dlí agus nuachóiriú an dlí a bhaineann le cróinéirí.

Ina theannta sin, freagróimid do riachtanas na gcóras rialála leasaithe agus í mar aidhm timpeallacht chuí rialála a chruthú - timpeallacht a oireann do riachtanais athraitheacha na socaí agus geilleagar margaidh iomaíoch i réimsí polasaí a bhfuil an Roinn freagrach astu, mar shampla, dlíthe a bhaineann le ceantálaithe agus gníomhairí eastáit a rialú. Leanfaimid orainn le réimsí casta dlí a nuashonrú agus a chomhdú ionas go mbeidh na réimsí sin níos feiliúnaí do choinníollacha ár linne. Mar shampla, tabharfaimid ar aghaidh an Bille um Dhíol Alcóil a dhéanfaidh foráil do nuashonrú críochnúil agus cuimsitheach na ndlíthe ceadúnaithe agus clárú reachtaíocht na gclubanna. Lena chois sin, leanfaimid orainn le hathbhreithniú agus nuashonrú dlíthe talún agus tíolactha mar aon le polasaí a bhaineann le cluichíocht agus crannchuir a fhorbairt. I measc na réimsí dlí eile nach mór déileáil leo thar thréimhse an Ráitis Straitéise tá comhpháirtíochtaí sibhialta, dlí teaghlaigh agus dlí iontaoibhe agus tá sé de dhualgas ar an Roinn freisin a chinntiú go n-aistrítear na Treoracha AE lena bhfuil sí freagrach astu i gceart agus in am

| Príomhchuspóir: | Príomhghníomhaíocht: | Táscaire Feidhmíochta: | Toradh: |
|---|---|---|---|
| An clár um athchóiriú dlí sibhialta i gClár Reachtach an Rialtais a thabhairt chun críche, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhlí sibhialta, cur le forbairt polasaí ar leibhéal AE agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile. | (i) Forbairt ar Billí ábhartha, rialacha agus cóiriúl.<br>(ii) Rannpháirtíocht i bhforbairt agus idirbheartaíocht ionstraimí AE agus ionstraimí idirnáisiúnta eile.<br>(iii) Machnamh a dhéanamh ar tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí | (i) Billí a fhoilsiú agus freagracht a ghlacadh as achtú na mBillí sin | (i) Chur i bhfeidhm an cuid is mó den Clár Reachtach an Rialtais<br>(ii) Nuachóiriú an dlí<br>(iii) Chur i bhfeidhm cláranna athrú |

.

**SEACHADADH GNÓ**

**Tá an Roinn tiomanta dá cuspóirí gnó a bhaint amach, leibhéil seirbhíse agus aschur a fheabhsú agus riarachán inmheánach a bhainistiú chomh héifeachtach agus chomh dearfach agus is féidir trí bhainistiú éifeachtach acmhainní agus tiomantais a chur i bhfeidhm trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta agus straitéisí Rialtais eile.**

**Sprioc Ardleibhéil 7:**

**Tacóimid le seachadadh cuspóirí gnó na Roinne trí fheidhmíocht agus forbairt foirne a fheabhsú, timpeallacht oibre ar ardchaighdeán a sholáthar don fhoireann agus do thomhaltóirí araon, na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chinntiú agus úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní.**

Soláthraíonn an Ráiteas Straitéise seo, i ndáil lenár bpróiseas bliantúil pleanáil ghnó agus córas bainistíochta feidhmíochta, an chreatlach phleanála a theastaíonn lenár gnó agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tacóidh na cuspóirí atá leagtha amach anseo leis an Roinn a thiomantais ghnó a sheachadadh agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí. Áirítear raon leathan gníomhaíochtaí cosúil lenár n-acmhainní daonna agus airgeadais a bhainistiú, comhionannas deiseanna do chomhaltaí foirne, struchtúir agus próisis chomhpháirtíochta a fhorbairt, freastal ar riachtanais TFC comhaltaí foirne agus timpeallacht fheiliúnach oibre a sholáthar. Baineann go leor gnéithe den obair thacúil seo le heagraíochtaí sa réimse Ceartais agus Comhionannais. I measc na bpríomhcheisteanna eile nach mór déileáil leo sa ghearrthréimhse tá Straitéis um Bainistíocht Riosca na Roinne agus Straitéis Sonraí a fhorbairt. Beidh an Straitéis Bainistíocht Riosca bunaithe ar dheireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le cosc a chur ar chuspóirí gnó a bhaint amach agus beidh an Straitéis Sonraí dírithe ar riachtanais eolais agus sonraí staitistiúla na Roinne i gcomhthéacs ár spriocanna ardleibhéil a bhaint amach.

Is ann dó le cur lenár socruithe rialachas corparáideach trí chomhsheasmhacht a chinntiú i bpleanáil straitéiseach agus an Rialtas a chur i bhfeidhm san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais; creatlach phleanáil straitéiseach agus bainistíocht feidhmíochta na Roinne a neartú; seirbhís ghairmiúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí; seirbhís airgeadais ar ardchaighdeán a sholáthar, feidhm éifeachtach iniúchadh inmheánach a sholáthar agus leanúint leis an Ionad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais a fhorbairt; leanúint le príomhghnéithe an Chreatlach Fhaisnéis Bainistíochta (MIF) a chur i bhfeidhm; acmhainn AD na Roinne a fhorbairt agus timpeallacht mhaith caidreamh tionsclaíoch a chothabháil; féachaint do phrionsabail na "rialála níos fearr" mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán “Rialáil Níos Fearr” nuair a bhíonn tograí rialála á bhforbairt; straitéis éifeachtach soláthair a fhorbairt agus cur lenár gcumas anailís a dhéanamh ar pholasaithe trí thaighde oibiachtúil, ar ardchaighdeán.

## Ár nDaoine

Is cur chuige réamhghníomhach é Bainistíocht Acmhainní Daonna ar mhaithe le forbairt an duine agus tacú leis an duine agus, dá réir sin, an fheidhmíocht eagraíochtúil a fheabhsú trí chéile. Leanfaimid orainn le comhionannas deiseanna dár gcomhaltaí foirne a chur chun cinn, struchtúir chomhpháirtíochta a fhorbairt agus riachtanais oiliúna agus forbartha ár gcomhaltaí foirne a aithint. Is é an tiomantas atá againn ná comhaltaí foirne a earcú agus a cheapadh go gasta agus an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as arduithe céime iomaíocha bunaithe ar fhiúntas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Príomhchuspóir:**<br>Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar acmhainn AD na Roinne, deiseanna do chomhaltaí foirne atá dírithe ar thacú le héachtaí cuspóirí gnó na Roinne a chur chun cinn agus a fhorbairt, tacú le Comhpháirtíocht sa Roinn agus é a fhorbairt, mar aon le timpeallacht dea-bhainistithe caidreamh oibre a chothabháil. | **Príomhghníomhaíocht:**<br>Naisc níos láidre a chruthú idir pholasaithe AD agus an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), cláir oiliúna bliantúla a fhorbairt, tionscnaimh a oireann don teaghlach a chur chun cinn agus tacú leo, socruithe solúbtha oibre do chomhaltaí foirne, ardleibhéil rannpháirtíochta comhaltaí foirne a chinntiú tríd an gCoiste Comhpháirtíochta agus dul i gcomhairle le Ceardchumainn maidir le tionscnaimh shuntasacha a bhaineann leis an ionad oibre de réir mar is gá. | **Táscaire Feidhmíochta:**<br>Clár earcaíochta beartaithe i bhfeidhm agus arduithe céime inmheánacha le bunú ar fhiúntas, tuilleadh comhtháthaithe ar pholasaithe AD agus CBFF, níos mó comhaltaí foirne ag baint leasa as socruithe a oireann don teaghlach agus socruithe solúbtha oibre, timpeallacht dhearfach oibre inar féidir le comhaltaí foirne a dtuairimí a chur in iúl trí shuirbhéanna tuairime fostaithe mar aon le dea-chaidreamh le Ceardchumainn. | **Toradh:**<br>Go mbeidh a ndóthain comhaltaí foirne spreagtha sa Roinn chun misean, sprioc agus cuspóirí na Roinne a chomhlíonadh, rannpháirtíocht dhearfach le comhaltaí foirne tríd an bpróiseas comhpháirtíochta agus dea-chaidreamh tionsclaíoch sa Roinn. |

**Athbhreithniú Éifeachtúlachta**

Mhol an Rialtas gur cheart athbhreithniú éifeachtúlachta a dhéanamh ar chaiteachas riaracháin sa tseirbhís phoiblí trí chéile. Tabharfaimid faoin athbhreithniú seo ar bhonn tráthúil agus díreoimid ar ghrinnscrúdú a dhéanamh ar mhí-éifeachtúlachtaí, dúbailt oibre nó réimsí dúbailte san Earnáil Cheartais trí chéile.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoct:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Téarmaí Chinneadh an Rialtais a chur i bhfeidhm – cinneadh a bhaineann le hathbhreithniú éifeachtúlachta caiteachais trí mhí-éifeachtúlachtaí a aithint i riarachán na n-earnálacha seirbhíse ceartais agus comhionannais agus bearta a chur i bhfeidhm le déileáil leis na mí-éifeachtúlachtaí seo. | Grúpa ardleibhéil bunaithe laistigh den Roinn chun críche an athbhreithnithe seo. | Tuarascáil an ghrúpa athbhreithnithe agus gníomhaíochtaí molta. | Éifeachtúlachtaí bainte amach i seachadadh polasaí agus seirbhíse i rith 2008/09. |

**Taighde**

Tá phríomh pháirt ag bhaint le taighde agus forbairt i dtaoibh pleanáil i gcoir polasaí agus clár nua a fhorbairt. Bheidh an Roinn ag leanúint ag déanamh coimisiúnaithe agus maoiniú ar thaighde a bhaineann le réimsí ag an Cheartais, Athchóirithe Dlí agus Chomhionannais

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoct:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Déanfaimid forbairt ar an gcumas anailíse ar pholasaí trí sholáthar thaighde oibiachtúil den scoth | Leanacht ag déanamh coimisiúnaithe agus maoiniú ar thaighde a bhaineann le réimsí an Cheartais, Ath chóirithe Dlí agus Chomhionannais | Na tionscamh thaighde ábhartha a mhaoinítear. | An slí a bhíonn thaighde ag chur le forbairt polasaí sa Rionn |

**Straitéis Sonraí**

D'fhonn anailís éifeachtach a dhéanamh ar na ceisteanna casta polasaí atá os comhair na Roinne ní mór dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na sonraí agus staitisticí bailithe agus scaipthe chun críche déanamh/measúnú polasaí agus teastaíonn cur chuige cuimsitheach straitéiseach le déileáil go héifeachtach leis an raon leathan sonraí seo. Áiríonn sé seo iniúchadh ar na foinsí sonraí atá ar fáil, measúnacht ar a bhfuil ag tarlú sa Roinn agus in eagraíochtaí san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais agus cáipéis chuimsitheach Straitéise a chur le chéile ina n-áirítear moltaí maidir le conas an ghné seo a bhrú chun cinn.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoct:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Leanfaimid orainn leis an Straitéis Sonraí agus Staitisticí a fhorbairt sa Roinn agus in eagraíochtaí san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais. | Dul i gcomhairle le sealbhóirí/úsáideoirí sonraí san Earnáil Cheartais. | (i) Anailís mhionsonraithe, dhomhain ar riachtanais sonraí agus bearnaí laistigh den Roinn.<br>(ii) Anailís mhionsonraithe, dhomhain ar riachtanais sonraí agus bearnaí laistigh den Earnáil Cheartais. | Forbairt creatlaí sonraí agus staidrimh cuimsitheach mar aon le heolas faoi infhaighteacht (más indéanta de réir dlí) d'úsáideoirí a dteastaíonn a leithéid uathu. |

**Teicneolaíocht Faisnéise**

Ta an Rannóg TF faoi láthair ag athrú cruth é féin go dtí Seirbhíse ICT Comhroinnte i cgoir an Roinn agus na gníomhaireacht beaga san earnáil. Is féidir le gach rannpháirtí tairbhe a bhaint as seirbhísí comhroinnte ó scála eachtracha bunúsach sa lucht úsáidte an ICT ag obair ar ardán ginerálta ICT agus tá sé de réir moltaí an Tuarascáil an OCED ar an seirbhíse phoiblí. Tá na forbairtí seo a thabhairt dúshlán don rannóg TF atá ag bhreithniú ar athrú bunúsach ar seirbhíí a sheachadadh ar gnách leo..

Soláthraíonn an Rannóg TF bonneagar tábhachtach sna cásanna seo a leanas:

- tacú lena custaiméirí sa Roinn agus le a Sheibhíse Comhroinnte ICT; in eagraíochtaí san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais
- Tacú lena soláthar seirbhíse don phobal
- tacú le tionscadail ón tús, comhairle agus rannpháirtíocht soláthair, bainistíocht tionscadail, próisis smachtbhannaí agus athbhreithnithe piaraí, seachadadh teicneolaíochta agus seirbhísí tacaíochta eile
- soláthat comhairle agus tacaíocht maidir le ceisteanna teicneolaíochta cosúil le polasaí ar úsáid ríomhairí, bainistíocht aitheantais, gnéithe leanúnacha agus teicniúla comhtháthaithe.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoct:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cinnteoimid gur ann do bhonneagar cuí agus feidhmithe TF - bonneagar trínar féidir le comhaltaí foirne a gcuid gnó laethúil a dhéanamh mar aon le tacú le tionscadail atá ar siúl sa Roinn agus san Earnáil Cheartais. | Nua agus Atheagrú Tionscnamh Custaiméirí ( NRC) 2008-2010<br>Tionscadail Uasghrádaithe Teicneolaíochta 2008-2010. | (i) Sonraí phríomhúil agus tánaisteach ar fáil chun seirbhís láidir a chinntiú agus ní fhágfar foirgneamh ar bith gan seirbhís TF.<br>(ii) Cumas teicniúil a sholáthar ar mhaithe le leathnú córasach na gcóras TF. | Láidreacht agus costéifeachtach seirbhíse a léiríonn dea- chleachtas idir náisiúnta. |

**Seirbhísí Airgeadais**

Príomhthosaíocht gnó é soláthar na seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear párolla, cuntas iníoctha, speansais, cuntasaíocht agus tuairisciú, cothabháil córais agus tacaíocht, ar ardchaighdeán don Roinn agus d'eagraíochtaí san Earnáil Cheartais. Tá eolas le fáil faoi chaighdeáin seachadadh seirbhíse sna Comhaontuithe Seirbhíse idir Ionad na Seirbhísí Roinnte Airgeadais (FSS) agus client-eagraíochtaí an Ionaid. Cuireann an FSS tuarascálacha míosúla feidhmíochta ar fáil dá chliaint-eagraíochtaí. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú foirmiúil bliantúil feidhmíochta le gach client-eagraíocht d'fhonn an leibhéal sásaimh leis an tseirbhís atá á soláthar a mheas.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhat:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí sonraithe airgeadais a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat cuí rialaithe airgeadais agus cuntasachta. | Feidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach agus an Clár Bainistíocht Riosca agus Feabhas Feidhmíochta a chur chun cinn. | (i) Go gcuirtear príomhghníomhaíochtaí faoin gClár Bainistíocht Riosca agus Feabhas Feidhmíochta i bhfeidhm.<br>(ii) Go gcomhlíontar spriocanna feidhmíochta an Chomhaontaithe Seirbhíse. | Creat feabhsaithe rialaithe airgeadais don FSS agus Cliaint sásta leis an seachadadh seirbhíse. |

**Bainistíocht Airgeadais**

Leanfaidh an Roinn le bainistiú a hacmhainní airgeadais a fheabhsú chun cur chuige níos éifeachtaí agus spriocdhírithe i ndáil le húsáid na n-acmhainní seo a cheadú. Go bunúsach, is éard a bheidh i gceist leis seo tacaíochtaí bainistíochta a fheabhsú le cabhrú leis an bpróiseas déanta cinntí trí eolas feabhsaithe, cruinn, tráthúil agus ábhartha a sholáthar.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoct:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Leanfaimid orainn le bainistiú acmhainní airgeadais na Roinne a fheabhsú trí sheirbhísí bainistíocht airgeadais ar ardchaighdeán a sholáthar. | Breis eolas ábhartha bainistíochta a sholáthar agus díriú ar Luach ar Airgead ar fud na Roinne. | (i) Tuarascálacha leathnaithe airgeadais i bhfeidhm Q1 2008.<br>(ii) Tuilleadh Athbhreithnithe Luach ar Airgead le déanamh i rith 2008 agus ina dhiaidh sin. | Acmhainní teoranta curtha i bhfeidhm ar mhaith leis an leas is fearr is féidir a chinntiú agus an méid dramhaíola a laghdú. |

**Soláthar**

Déanfaidh an Roinn tuilleadh forbartha ar chur chuige straitéiseach éifeachtach agus comhtháite i ndáil le soláthar i ngníomhaireachtaí uile na hEarnála Ceartais agus Comhionannais d'fhonn tacú lena spriocanna straitéiseacha agus fócas straitéiseach ar dheachleachtais agus ar phróisis soláthair a fhorbairt.

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoc:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Déanfaimid tuilleadh forbartha ar fhócas straitéiseach soláthair d'fhonn luach ar airgead a bhaint amach i ndáil le gníomhaíocht soláthair uile na Roinne. | Plean Corparáideach Soláthair 3 bliana a fhorbairt mar chuid de chreat Pleanáil Straitéiseach na Roinne. | (i) Plean Corparáideach Soláthair i bhfeidhm Q2 2008.<br>(ii) Anailís ar phatrúin soláthair na Roinn críochnaithe Q3 2008. | Éifeachtacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe seachadadh seirbhíse agus torthaí gnó. |

**Dílárú**

Faoi Chlár an Rialtais, tá os cionn 900 post ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na heagraíochtaí coibhneasacha ag dílárú chuig seacht n-ionad chúigeacha. Tá sé beartaithe go mbeidh an Clár seo ar siúl go dtí deireadh 2009. In Lúnasa 2008, tá 532 comhalta foirne ag feidhmiú sna hionaid nua agus tá daoine anois ag obair i ngach ceann de na seacht n-ionad.

Nuair a bhíonn an Clár seo á chur i bhfeidhm, baintear leas an Lárionad-Áise Feidhmiúcháin (CAF) chun aistrithe a éascú chuig ionaid díláraithe na Roinne seo agus Ranna eile freisin. Tá baint ag eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais mar aon le hOifig na nOibreacha Poiblí le Pleananna Cur i bhFeidhm Díláraithe a chur i dtoll a chéile. Tá an Roinn tiomanta do chinntiú go n-aistrítear comhaltaí foirne de réir an amchláir atá leagtha amach i dTuarascáil an Ghrúpa Forfheidhmithe Díláraithe agus go bhfreastalaítear ar pháirtithe éagsúla nuair is gá (tá tuilleadh eolais le fáil in Aguisín 5).

| **Príomhchuspóir:** | **Príomhghníomhaíoct:** | **Táscaire Feidhmíochta:** | **Toradh:** |
|---|---|---|---|
| Cinnteoimid go gcríochnófar Clár Díláraithe na Roinne go sásúil agus de réir an sceidil atá leagtha amach. | (i) Foirgnimh feiliúnacha faighte do na láithreacha ar fad i gceist.<br>(ii) Comhaltaí foirne aistrithe de réir an sceidil leagtha amach san amchlár. | Daoine a bheith ag obair sna láithreacha ar fad. | An Clár Díláraithe críochnaithe go sásúil agus in am. |


Clár Díláraithe RDCCAD
IPS: 141
Údarás Cláraithe Maoine: 230
An Uaimh: 106
(4 ghníomhaireacht)
DPC: 23
E/Trib: 42
C Ombuds: 23
E/Auth: 55
Gd HQ: 118
Tiob Á: 186
(2 ghníomhaireacht)
IOMLÁN: 924
An Longfort
Ros Comáin
An Uaimh
Cúl an tSúdaire
Ros Cré
Durlas
Tiobrad Árann

# AGUISÍNÍ

## Aguisín 1- Cairt Eagraíochta




| Tacaíocht don Gharda Síochána agus dul i ngleic le coireacht | Forbairt Seirbhísí Ceartais | Soláthar Seirbhísí Tearmainn/Inimirce agus Seirbhísí Gaolmhara | Sochaí Chomhbhách chomhtháite agus Chothromasach a chur chun cinn | Cur chun cinn Sochaí Slán agus Síochánta | Athchóiriú Dlí | Seachadadh Gnó |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rannán an Gharda<br>Airgeadas agus Acmhainní<br>Acmhainní Daonna<br>Cuntasacht:<br>Polasaí Rialachais & Feidhmiúcháin<br>Garda 1 Riarachán<br>COIREACHT 1<br>Coireacht 2 (Drugaí agus Coireacht Eagraithe)<br>Coireacht 3 (Slándáil & Tuaisceart Éireann)<br>Coireacht 4 (Airm Thine & Pléascáin)<br>Cúnamh Frithpháirteach & Eiseachadadh<br>Rannán Polasaí Idirnáisiúnta | • Polasaí Príosúin agus Promhaidh<br>• Polasaí na gCúirteanna | • Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann<br>- Inimirce<br>- Víosa<br>- Saoránacht<br>- Athdhúichiú<br>-Tearmann<br>-Áisíneacht Fáilte agus Comhtháite | • Comhionannas Míchumais<br>• Dlí Éagsúlachta & Comhionannais<br>• Comhionannas Inscne | • Slándáil agus Tuaisceart Éireann | • Athchóiriú an Dlí Coireachta<br>• Athchóiriú Dlí Sibhialta<br>• Cearta Daonna | • Seirbhísí Corparáideacha<br>• Ionad Seirbhísí Airgeadais i bPáirt<br>• Aonad Bainistíochta Airgeadais<br>• TF<br>• Acmhainní Daonna<br>• Aonad Forbartha Eagraíochta,<br>• Forbairt Tionscnaimh<br>• An Preas agus Cumarsáidí<br>• SF |
| • An Garda Síochána<br>• Bord um Ghearáin i gcoinne An Gharda Síochána | • Seirbhís Phríosúin na hÉireann<br>• An tSeirbhís Cúirteanna | • Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe<br>• An Binse Achomhairc do | • An tÚdarás Náisiúnta Míchumais<br>• An Binse Comhionannais | | | • Oifig Aicimithe Scannán na hÉireann<br>• Oifig um Chinsireacht |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • Cigireacht An Gharda<br>• Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána<br>• Cosc - an Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc<br>• An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta<br>• An Chomhairle Náisiúnta um Choireacht<br>• An tÚdarás Slándála Príobháidí<br>• An tSeirbhís Paiteolaíochta Stáit<br>• Oifig um Shábháilteacht Idirlín<br>• Oifig Íospartaigh na Coireachta | • An tSeirbhís Promhaidh<br>• An Seirbhís na hÉireann um Cheartas an Aosa Óig<br>• An Bord Parúil<br>• An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>• An tÚdarás Rialála um Sheirbhísí Náisiúnta Maoine | Dhídeanaithe | • An tÚdarás Comhionannais<br>• Oifig an Aire um Chomhtháthú | | | Foilseachán<br>• Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí<br>• An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla<br>• Údarás Clárúcháin Maoine |

## Aguisín 2 – Eagraíochtaí na hEarnála Ceartais agus Comhionannais agus Oifigí Feidhmiúcháin

**OIFIG UM CINSIREACHT FOILSEACHÁN**
13 Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Guthán:01 661 0553

**Cosc – An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe ar Chosc**
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
2ú Urlár, Cúirt Montague
Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 4768680
Gréasán: www.cosc.ie

**An tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA**
Teach an Fhionnuisce
15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7
Guthán: 01 888 6000
Gréasán: www.courts.ie

**BINSE CÚITIMH I LEITH DÍOBHÁLACHA COIRIÚLA**
13 Sráid Hatch, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 661 0604

**AN tÚDARÁS COMHIONANNAIS**
2 Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 1850 245 545
Gréasán: www.equality.ie

**AN BINSE COMHIONANNAIS**
3 Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath 2
Guthán:01 477 4100
Íosghlao: 1890 34 44 24
Gréasán: www.equalitytribunal.ie

**OIFIG AICMITHE SCANNÁN NA hÉIREANN**
16 Ardán Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 799 6100
Gréasán: www.ifco.ie

**SAOTHARLANN EOLAÍOCHTA FÓIRÉINSEACH**
Ceanncheathrú an Gharda Síochána
Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8
Guthán: 01 666 2910
Gréasán: www.forensicscience.ie

**AN GARDA SÍOCHÁNA**
Ceanncheathrú an Gharda Síochána
Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8
Guthán: 01 666 0000
Gréasán: www.garda.ie

**AN BORD UM GHEARÁIN I GCOINNE**
**AN GHARDA SÍOCHÁNA**
Bloc 1, Ionad Irish Life
Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1
Guthán: 01 872 8666
Gréasán: www.gscb.ie

**COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA**
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Guthán: 1890 600 800
Gréasán: www.gardaombudsman.ie

**CIGIREACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA**
87 Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 408 6500
Gréasán: www.gsinsp.ie

**SEIRBHÍS EADÓIRSEACHTA AGUS INIMIRCE NA hÉIREANN (SEIÉ)**
13-14 Cé Burgh, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 616 7000
Gréasán: www.inis.gov.ie

**SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN**
Eastát Tioncail IDA
Bóthar Béal Átha na Laogh
An Longfort
Contae an Longfoirt
Guthán: 043 35100
Gréasán: www.irishprisons.ie

**SEIRBHÍS NA hÉIREANN UM CHEARTAS I LEITH AN AOSA ÓIG**
Cúirt Montague
7-11 Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 4768673
Gréasán: www.iyjs.ie

**AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL**
47 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 644 1900
Gréasán: www.legalaidboard.ie

**AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM CHOIREACHT**
4/5 Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 476 0047
Gréasán: www.gov.ie/crimecouncil

**AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA MÍCHUMAIS**
25 Bóthar Chluaidh
Baile Átha Cliath 4
Guthán: 01 608 0400
Gréasán: www.nda.ie

**ÚDARÁS NÁISIÚNTA RIALÁLA NA SEIRBHÍSÍ MAOINE**
2ú Urlár
Foirgnimh na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí
Guthán: 046 903 3800
Gréasán: www.NPSRA.ie

**OIFIG UM SHÁBHÁILTEACHT IDIRLÍN**
Urlár 3, Bloc 2
Lárionas Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 4

Guthán: 01 4086122
Gréasán: www.internetsafety.ie

**OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ**
Teach na Canála
Bóthar an Stáisiúin
Cúl an tSúdaire
Co. Laoise
Guthán: 1890 252 231
Gréasán: www.dataprotection.ie

**OIFIG AN AIRE UM CHOMHTHÁTHÚ**
Dun Aimhirgin
43-49 Sráid Mespil
Baile Átha Cliath 4
Guthán: 01 647 3000
Gréasán: infoOMI@integration.ie

**OIFIG AN CHOIMISINÉARA IARRATAS DO DHÍDEANAITHE**
79 – 83 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 6028000
Gréasán: www.orac.ie

**AN BORD PARÚIL**
31/35 Sráid Bowes
Baile Átha Cliath 7
Guthán: 01 8720 280

**ÚDARÁS UM SLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH**
Páirc Theicneolaíochta Thiobraid Árann
Bóthar Rosanna
Baile Thiobraid Árann
Guthán: 062 31588
Gréasán: www.psa.gov.ie

**CEANNCHEATHRÚ NA SEIRBHÍSE PROMHAIDH**
Smithfield Chambers
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
Guthán: 01 817 3600

Gréasán: www.probation.ie

**AN tÚDARÁS CLÁRAITHE MAOINE**
Sráid na Seansaireachta
Baile Átha Cliath 7
Guthán: 01 6707500
Gréasán: www.prai.ie

**AN GHNÍOMHAIREACHT UM FHÁILTIÚ AGUS IMEASCADH**
Bloc C
Ionad Ardoileáin:
Páirc Naomh Stiofáin Thiar
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 4183200
Gréasán: www.ria.gov.ie

**AN BINSE ACHOMHAIRC DÍDEANAITHE**
6-7 Sráid Hannover Thoir
Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 474 8400
Gréasán: www.refappeal.ie

**SEIRBHÍS PHAITEOLAÍOCHTA AN STÁIT**
Aonad Oiliúna An Bhriogáid Dóiteáin
Bóthar Mhullach Íde
Marino
Baile Átha Cliath 3
Guthán: 01 853 4872

**OIFIG ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA**
71/74 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 4

Guthán: 01 6028661
Gréasán: www.vco@justice.ie

**Aguisín 3 – Leithdháiltí Soláthar Foirne 2007**

| Suíomh | Soláthar Foirne 2007 |
|---|---|
| Ceannoifig | 575 |
| Comhsheirbhísí Airgeadais | 180 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Choireacht | 5 |
| An Garda Síochána (1820 Foireann Sibhialta; 13,732 Garda; 206 Garda Cúltaca ) | 15758 |
| An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána | 8 |
| Údarás um Shlándáil Príobháideach | 41 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann | 3521 |
| An tSeirbhís Phromhaidh (áirítear 55 Mhaoirseoirí Seirbhíse Pobail) | 399 |
| An Bord Parúil | 4 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 1062 |
| Oifig an Choimisinéara Iarratas do Dhídeanaithe | 215 |
| An Binse Achomhairc Dídeanaithe | 108 |
| An Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh | 58 |
| Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann | 335 |
| An Binse Comhionannais | 35 |
| An tÚdarás Comhionannais | 53 |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 34 |
| Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 7 |
| Oifig um Cinsireacht Foilseachán | 1 |
| Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 24 |
| Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla | 3 |
| Saotharlann Eolaíochta Fóiréinseach | 77 |
| Seirbhís Phaiteolaíochta an Stáit | 5 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 282 |
| Coimisiún Ombudsman An Gharda | 80 |
| Cigireacht an Gharda Síochána | 11 |
| Cosc – An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne- bhunaithe a Chosc | 11 |
| Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | 29 |
| Coiste Comhairleach Códú Dlí Coiriúil | 4 |
| An tÚdarás Cláraithe Maoine | 702 |
| Frith - Gháinneála | 4 |
| **Iomláin** | **23631** |

**Aguisín 4 – Leithdháileadh Airgeadais 2008**



## Aguisín 5 – Cairt Díláraithe

| SUÍOMH | OIFIG / GNÍOMHAIREACHT | POIST | CREAT AMA | BOGADH AR AGHAIDH |
|---|---|---|---|---|
| **An Longfort** | Seirbhís Phríosúin na hÉireann | 141 | Bogtha Iúil 2007 | |
| **Ros Comáin** | An tÚdarás Cláraithe Maoine | 230 | Deireadh 2009 | 74 post bogtha deireadh 2007 |
| **An Uaimh** | Roinn Acmhainní Daonna Sibhialtaigh na nGardaí | 39 | Bogtha Eanáir 2008 | |
| | Údarás Náisiúnta Rialála na Seirbhísí Maoine (NPSRA) | 7 | Bogtha Nollaig 2007 | |
| | An tSeirbhís Phromhaidh | 22 | Luath 2008 | |
| | An tSeirbhís Chróinéara *(uimhir le bheith deimhnithe)* | 38 | 2009 | Foireann um Aistriú faoi bhreithniú |
| **Cúl an tSúdaire** | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 23 | Bogtha Nollaig 2006 | |
| | An Binse Comhionannais (uimhir le bheith deimhnithe) | 42 | Lár 2008 | Tulpháirtí faoi bhreithniú |
| **Ros Cré** | An tÚdarás Comhionannais | 55 | Deireadh 2008 | 20 post faoi cheann luath 2008 |
| | Ombudsman an Gharda Síochána | 23 | Luath 2009 | |
| **Durlas** | Iomlán Ceanncheathrú na nGardaí | 118 | Deireadh 2008 | |
| | arna bhfuil<br>- Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin na nGardaí | *33* | | 33 bogtha Deireadh Fómhair 2005 |
| | - Rannóg Próiseála Muirear Seasta | *66* | | 66 bogtha Deireadh Fómhair 2007 |
| **Tiobraid Árann** | Údarás um Shlándáil Phríobháideach | 24 | Bogtha Eanáir 2005 | |
| | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) | 162 | | 60 post faoi cheann lár 2008 |
| | **Iomlán na bpost díláraithe ar chomhlánú an chláir** | **924** | | |